- A Working Group for Equality, Diversity and Inclusion was established in 2021 to proactively develop and promote a culture of awareness and respect for equality, diversity, and inclusion within the workplace.
- A range of learning interventions were delivered in 2021 to meet strategic learning priorities including an internal lecture series on business and legislative processes, an online General Data Protection Regulation (GDPR) eLearning module and leadership training.
- The Department actively contributed to the overall HR response to the impact of COVID-19 through participation in the Civil Service Sector Group, chaired by the Department of Public Expenditure and Reform.
- Four projects from the Department of Health were selected as finalists in the Civil Service Excellence and Innovation Awards.
- The government has committed to increasing the public service employment target for persons with disabilities to a minimum of 6% by 2024. The Department of Health remains ahead of this target with 7.5% of staff declaring a disability in 2021.

INFORMATION AND COMMUNICATIONS TECHNOLOGY (ICT)

On 14 May 2021, the Department's ICT infrastructure suffered a serious cyber-attack, in tandem with an attack on the HSE's ICT system. As a precautionary measure, the Department's ICT systems were shut down to safeguard the integrity of the systems and data, and to provide an opportunity to conduct the necessary analysis and protect against any further attack.

The Department liaised with the National Cyber Security Centre and implemented further mitigation actions, beginning the process of identifying the nature and extent of the attack and the subsequent necessary remediation actions. Access to the Department's network was unavailable to staff for a number of weeks, with some legacy systems not accessible for a longer period.

Action taken by the Department mitigated far more serious consequences, however the attack had a significant impact on the ability of the Department to carry out its work for several months afterwards. A lessons learned exercise was completed with a view to ensuring business continuity in case of another cyber-attack.

- The Department worked with the HSE to enhance cyber resilience in the wake of the cyber-attack. The work involved the restoration and recovery of almost 2,000 systems, the replacement or upgrading of significant amounts of ICT technical infrastructure and the establishment of enhanced monitoring systems to protect the health system from further attacks.
- All staff continued to be provided with secure remote access to ICT services to facilitate remote working.

- A complete security review of the infrastructure was undertaken and additional specialised software was installed to mitigate against malicious software, and to provide early warning notifications of threats.

RECORDS MANAGEMENT

In 2021, the Department's new Records Management Policy was finalised and issued to all staff, setting out key rules on best practice in Records Management for documents. A correspondence decision tree was finalised and issued to all staff along with weekly Records Management Awareness emails which promoted best practice and were issued throughout October and November. An Information Officer Network was developed to ensure best practice in units throughout the Department.

DATA PROTECTION

The Department of Health is committed to protecting the rights and privacy of data subjects. Advice and support were provided to business units and the management board to meet the Department's data protection obligations as set out in data protection legislation.

Throughout 2021, GDPR compliance was implemented through:

- The provision of advice and support to Business Units on a range of data protection queries and issues, including the public health response to Covid and the cyber security attack.
- By continuing to raise awareness of data protection in the Department through the development of data protection knowledge resources and information emails for staff.
- The development and rollout of a mandatory online training course in September 2021, which is available to all staff on an ongoing basis.
- The commencement of a review of data protection compliance across the Department.
- Providing assistance to members of the public with data protection queries and requests for access.

SUSTAINABLE DEVELOPMENT

The 17 UN Sustainable Development Goals (SDGs) were adopted by the UN and its Member States in 2015 as part of the 2030 Agenda for Sustainable Development. Ireland has taken a 'whole-of-government' approach towards achieving the SDGs, with each Minister having responsibility for implementing targets relevant to their respective policy areas.

The majority of health-related action under the SDGs is set out in SDG 3, Good Health & Well-Being. Information about the progress made on these and other SDG actions can be found at: [Ireland's Hub for Sustainable Development Goals](#)

Appendix 1: Corporate Information

DEPARTMENT OF HEALTH MANAGEMENT BOARD IN 2021

Robert Watt

Secretary General (Interim 7 January 2021, Appointed 20 April 2021)

Paul Bolger

Director (until 10 May 2021)

Resources

Tracey Conroy

Assistant Secretary

Acutes Hospitals Policy

Greg Dempsey

Deputy Secretary

Governance and Performance

Colm Desmond

Assistant Secretary (until 3 September 2021)

Corporate Legislation, Mental Health, Drugs Policy and Food Safety

Fergal Goodman

Assistant Secretary

Health Protection

Dr Tony Holohan

Chief Medical Officer

Office of the Chief Medical Officer

Rachel Kenna

Assistant Secretary

Nursing/Midwifery Policy, Professional Regulation, Workforce Planning, & Allied Health Professionals

Dr Kathleen Mac Lellan

Assistant Secretary (until 9 October 2021)

Social Care

Laura Magahy

Deputy Secretary (until 27 October 2021)

Sláintecare

Louise McGirr

Assistant Secretary (from 19 October 2021)

Health Sector Employment and Industrial Relations Policy

Muiris O'Connor

Assistant Secretary

Research & Development & Health Analytics

Colm O'Reardon

Acting Secretary General (until 5 January 2021)

Deputy Secretary (until 1 February 2021)

Policy and Strategy Division

Derek Tierney

Assistant Secretary (from 31 May 2021)


Health Infrastructure

CORPORATE PROFILE

At the end of December 2021, there were 691 staff in the Department of Health (673.29 WTE). In addition to supporting the Minister for Health, the staff of the Department also supported the three Ministers of State.

The Department managed a gross budget of over €22.129bn in 2021. Budgeted appropriations-in-aid in the year were €0.433bn, leaving a net budget of €21.696bn. Gross expenditure in the year was €21.669bn and appropriations-in-aid were €0.473bn. This resulted in net expenditure of €21.196bn.

Gross expenditure incurred by the Department of Health in the year represented 24.37% of total general government expenditure in the year. Net expenditure represented 29.01% of central government exchequer issues in the year. €21.669bn of gross expenditure in the year consisted of disbursements of €21.270bn to the HSE, €231million to other agencies with €168million incurred by the Department.



Note – figures in above chart are in thousands

2021 PARLIAMENTARY RESPONSES AT A GLANCE

The Department of Health answered over 27% of all the Parliamentary Questions posed in 2021.

Parliamentary Questions (excluding withdrawn/disallowed)	15,209
Of which referred to the HSE for Direct Reply	7,113
Representations Received	21,606
Topical Issues Raised	395
Topical Issues Selected	70
Seanad Commencement Raised	175
Seanad Commencement Selected	72

FREEDOM OF INFORMATION

The Department processed 680 Freedom of Information (FOI) requests in 2021, 383 of which were from the media. The FOI team coordinated the department's response to these requests by logging, assigning them to the correct area, and working with requestors and decision makers to ensure the department meets its obligations under the freedom of information act. The team also assisted members of the public accessing information outside the formal FOI process, for example where the information was already in the public domain. The FOI team coordinated the Department's response to the ongoing DPER review of the FOI legislation.

In 2021 the Department adopted the eFOI application, a 'Built to Share' (BTS) application for coordinating and processing FOI requests. FOI team members upskilled in the new system and assisted decision makers across the Department in its use and worked closely with the BTS team in providing feedback on the application.

The FOI team organised eFOI training and Internal Reviewer training to ensure members of the Department are in a position to carry out internal reviews of FOI decisions in line with obligations under the FOI Act.

PROMPT PAYMENT

Details of the Department's Prompt Payments obligations during 2021:

Details	Number	Value (€)	Percentage (%) of <u>total number</u> of payments made
Number of payments made within 15 days	2,656	59,205,757	87.3%
Number of payments made within 16 days to 30 days	259	3,793,437	8.5%
Number of payments made in excess of 30 days	127	1,112,549	4.2%
Total payments made in 2021	3,042	64,111,743	

The total prompt payment compensation and interest paid by the Department in 2021 was €22,392, comprising €14,162 in interest payments and €8,230 in compensation payments.

ENERGY USAGE IN 2021

Every public service organisation is required to achieve a 50% energy efficiency improvement by the end of 2030 on their baseline year. The Department has been with the Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI) Partnership Programme since 2009 which aims to work with organisations who are committed to achieving the targets set out by the government.

The Department is committed, through its Green Team, to continue to collaborate with the SEAI, the OPW, the building landlord and our staff to play our part in achieving the government's ambitious new targets for energy reduction. The Department's 2021 energy performance indicators report an energy savings improvement of 46.4% over the baseline year. The Department will continue to work on future improvements to reach the next target by 2030, which would be a further saving of 7.4%.

The Department's HQ building is one of a small number of Platinum LEED accredited buildings in the world. It is an extremely complex environment which incorporates a wide range of energy efficient technologies and measures to minimise the energy footprint of the premises, which is part of a wider campus comprising three buildings, four government departments and two private sector companies.

For those engaged in purchasing for and on behalf of the Department, Green Procurement guidelines have been defined and are reported on centrally. The Department's green public procurement return to the Environmental Protection Agency for 2021 is set out below.

GREEN PUBLIC PROCUREMENT ANNUAL RETURN 2021

Reference year 2021	Total number of contracts signed over €25,000 by priority sector	Total value of contracts signed over €25,000 by priority sector	Total number of contracts signed over €25,000 by priority sector which have incorporated GPP	Total value of contracts signed over €25,000 by priority sector which have incorporated GPP
Priority Sector*				
Energy-related Products	0	0	0	0
Food & Catering Services	0	0	0	0
Heating Equipment	0	0	0	0
ICT Products & Services	5	1,659,192	0	0
Indoor Cleaning Services	0	0	0	0

Indoor & Outdoor Lighting	0	0	0	0
Office Building Design, Construction & Management	0	0	0	0
Paper Products & Printing Services	1	75,000	1	75,000
Textiles Products & Services	0	0	0	0
Transport	0	0	0	0
Totals	6	1,734,192	1	75,000
* Ten sectors for which GPP criteria have been developed by the EPA, based on common EU criteria with adaptations to reflect the Irish market and procurement practices				
Reference year 2021	<i>Total number of contracts signed over €25,000 by other sector</i>	<i>Total value of contracts signed over €25,000 by other sector</i>	<i>Total number of contracts signed over €25,000 by other sector which have <u>incorporated GPP</u></i>	<i>Total value of contracts signed over €25,000 by other sector which have <u>incorporated GPP</u></i>
Other Sectors				
Professional Services	10	834,744	1	46,625
Laboratory Equipment	0	0	0	0
Facilities Management	0	0	0	0
Media	3	228,106	0	0
Furniture	0	0	0	0

Research	0	0	0	0
Marketing	0	0	0	0
Licensing	1	36,792	0	0
Data	1	120,000	1	120,000
Pandemic Response measures	2	30,166,290	0	0
Digital Certification Services	1	6,500,000	1	6,500,000
Totals	18	37,885,932	3	6,666,625

Appendix 2: Agencies under the aegis of the Department

Non-Commercial State Bodies

Dental Council
 Food Safety Authority of Ireland
 Food Safety Promotion Board - safefood
 Health Information and Quality Authority
 Health Insurance Authority
 Health Products Regulatory Authority
 Health Research Board
 Health and Social Care Professionals Council (CORU)
 Health Service Executive
 Irish Blood Transfusion Service
 Medical Council
 Mental Health Commission
 National Cancer Registry Board
 National Paediatric Hospital Development Board
 National Treatment Purchase Fund
 Nursing and Midwifery Board of Ireland
 Pharmaceutical Society of Ireland
 Pre-Hospital Emergency Care Council

Commercial State Bodies

Voluntary Health Insurance (VHI)

Appendix 3: Department of Health Publications

In 2021 the Department produced 114 publications all of which are available for download on our website at <https://health.gov.ie/publications-research/publications/>



An Roinn Sláinte
Department of Health

An Roinn Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2021

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ LEIS AN AIRE SLÁINTE, STEPHEN DONNELLY	47
LÉARGAS GINEARÁLTA.....	48
MISEAN NA ROINNE.....	48
RÓL NA ROINNE	48
TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA	48
CAIBIDIL 1: COVID-19 A BHAINISTIÚ AGUS SLÁINTE PHOIBLÍ A CHUR CHUN CINN	49
<i>Eipidéimeolaíocht COVID-19 in 2021</i>	<i>49</i>
<i>Príomhfhigiúirí</i>	<i>50</i>
AN FHREAGAIRT SLÁINTE POIBLÍ DO COVID-19	51
<i>An Fhoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta (an FÉSPN) do COVID-19.....</i>	<i>51</i>
<i>Cumarsáid Sláinte Poiblí</i>	<i>52</i>
PRÍOMHÉACHTAÍ NA FREAGARTHA SLÁINTE POIBLÍ DO COVID-19	53
<i>Clár Vacsaínithe.....</i>	<i>53</i>
<i>Tástáil agus Rianú</i>	<i>53</i>
<i>An Lucht Saothair Sláinte.....</i>	<i>54</i>
<i>Soláthar COVID-19.....</i>	<i>54</i>
<i>Mol Sonraí COVID-19 na hÉireann.....</i>	<i>54</i>
<i>Coraintín Éigeantach Óstáin.....</i>	<i>55</i>
<i>Beartas Taistil</i>	<i>56</i>
<i>Cur Chuige Coiteann i leith Taisteal Ion-AE</i>	<i>56</i>
<i>Riachtanais Taistil Sláinte Poiblí</i>	<i>56</i>
<i>Foirm Aimsithe Paisinéara</i>	<i>56</i>
<i>Deimhniú Digiteach COVID</i>	<i>57</i>
<i>Reachtaíocht Sláinte Poiblí</i>	<i>57</i>
<i>Obair Thrasrialtais</i>	<i>57</i>
<i>Idirchaidreamh Idirnáisiúnta agus AE.....</i>	<i>58</i>
LEANÚNACHAS AGUS OIRIÚNÚ SEIRBHÍSE	58
<i>Cúram Príomhúil agus Pobail</i>	<i>58</i>
<i>Tacaíochtaí do Thithe Altranais.....</i>	<i>59</i>
<i>Cuimsiú Sóisialta.....</i>	<i>60</i>
SLÁINTE PHOIBLÍ A CHUR CHUN CINN.....	60
<i>Sábháilteacht Bhia.....</i>	<i>61</i>
CAIBIDIL 2: CÚRAM A FHAIRSINGIÚ AGUS A CHOMHTHÁTHÚ SA PHOBAL.....	62
<i>Cúram Príomhúil.....</i>	<i>62</i>
<i>Cleachtas Ginearálta (CG)</i>	<i>62</i>
<i>Sciathadh.....</i>	<i>63</i>
<i>Seirbhísí Meabhairshláinte</i>	<i>63</i>
<i>Cúram Sóisialta.....</i>	<i>63</i>
<i>Sláintecare</i>	<i>64</i>
CAIBIDIL 3: TEACHT AR CHÚRAM SLÁINTE A DHÉANAMH NÍOS COTHROIME AGUS NÍOS TAPÚLA.....	66
<i>Seirbhísí Ospidéal Géarmhíochaine</i>	<i>66</i>
<i>Cúram Sceidealaithe.....</i>	<i>66</i>
<i>Cúram Neamhsceidealaithe</i>	<i>67</i>
<i>An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.....</i>	<i>67</i>
<i>An Straitéis Náisiúnta Máithreachais</i>	<i>68</i>

<i>Forbairtí ar an tSeirbhís Ghíniceolaíochta</i>	68
<i>An Straitéis Náisiúnta Tráma</i>	69
<i>Seirbhísí Ailse</i>	69
<i>Deonú agus Trasphlandú Orgán</i>	70
<i>Sábháilteacht Othar</i>	70
<i>Cúram Príomhúil</i>	71
<i>Seirbhísí Meabhairshláinte</i>	72
<i>Cúram Sóisialta</i>	72
<i>Cúram pobail</i>	72
<i>Sláinte Bhan</i>	73
<i>Cógais</i>	74
<i>Teacht ar Tháirgí Cannabasbhunaithe d'Úsáid Leighis</i>	74
CAIBIDIL 4: MAOIRSEACHT AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT SAN EARNÁIL A FHEABHSÚ	75
<i>Rialachas agus Feidhmíocht</i>	75
<i>Pleanáil Straitéiseach an Lucht Saothair</i>	76
<i>Comhar Thuaidh-Theas</i>	78
<i>An Breatimeacht</i>	78
<i>Bonneagar Caipitil/Mórhionscadail Chaipitil</i>	79
<i>Cúram Sceidealaithe</i>	80
CAIBIDIL 5: EAGRAÍOCHT ATÁ OIRIÚNACH DON TODHCHAÍ A CHRUTHÚ	81
<i>An Oifig Oibríochtaí Corparáideacha</i>	81
<i>Ráiteas Straitéise</i>	81
<i>Nochtadh Cosanta</i>	82
<i>Acmhainní Daonna (AD)</i>	82
<i>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)</i>	82
<i>Bainistíocht Taifead</i>	83
<i>Cosaint Sonraí</i>	83
<i>Forbairt Inbhuanaithe</i>	83
AGUISÍN 1: FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH	84
<i>Bord Bainistíochta na Roinne Sláinte in 2021</i>	84
<i>Próifíl Chorporáideach</i>	85
<i>Sracfhéachaint ar Fhreagairtí Parlaiminteacha in 2021</i>	86
<i>Saoráil Faisnéise</i>	86
<i>Íocaíocht Phras</i>	87
<i>Úsáid fuinnimh in 2021</i>	87
<i>Tuairisceán Bliantúil ar Sholáthar Poiblí Glas 2021</i>	88
AGUISÍN 2: GNÍOMHAIREACHTAÍ FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE	90
AGUISÍN 3: FOILSEACHÁIN NA ROINNE SLÁINTE	91

RÉAMHRÁ LEIS AN AIRE SLÁINTE, STEPHEN DONNELLY

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2021.

Lean gach duine a bhí bainteach i gcúram sláinte in 2021 le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán shuntasacha phaindéim COVID-19. Faoi mar a bhí i gceist in 2020, ba cheart go mbeadh bród orainn faoi conas a sháraíomar na dúshlán siúd agus conas a sholáthraíomar cúram sláinte sábháilte agus éifeachtach do mhuintir na hÉireann.

Bhí an rath geal ar chlár vacsaínithe na hÉireann, agus baineadh ceann de na rátaí glactha ab airde ar domhan amach agus rinneadh an clár a fhairsingiú le vacsaíní teanndáileoige a áireamh leis an gcosaint a soláthraíodh don oiread sin daoine a threisiú. Ba léir gur ghlac seo le páirt ollmhór i dtaobh saol daoine a thabhairt slán fud fad na tíre. Chuireamar coraintín éigeantach óstáin i bhfeidhm, den chéad uair i stair an stáit, i measc cuairteoirí, agus níl amhras ar bith ann ach gur chosain seo saol daoine agus gurbh éacht as cuimse é a dhéanamh laistigh de thréimhse chomh gearr sin ama.

Tiocfaidh tú ar fud na tuarascála seo ar an iomaí forbairt atá dírithe ar chúram sláinte uilíoch, atá fite fuaite in go leor leor den mhéid a dhéanaimid sa Roinn Sláinte agus sa tseirbhís sláinte trí chéile. Baineadh an fairsingiú ba mhó amach arís eile ar ár seirbhísí sláinte in 2021 i dtaobh earcaíochta. Sholáthraíomar 813 leaba bhreise ghéarmhíochaine, 42 leaba bhreise chúraim chriticiúil, d'fhostaíomar 6,149 ball breise foirne, 352 dochtúir, 1,660 altra, 1,192 Gairmí Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus 1,946 gairmí cúraim sláinte ina measc.

Rinneamar infheistíocht shuntasach i dteacht ar chúram sláinte a dhéanamh níos cothroime agus níos tapúla agus cúram a fhairsingiú agus a chomhtháthú sa phobal. Leanfaidh an obair rithabhachtach seo ar aghaidh, chun tacú lenár sprioc chun seirbhís sláinte den chéad scoth a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

Bhí dúshlán de chineál eile roimh ár seirbhísí sláinte i mBealtaine 2021, nuair a rinne cibearchoirpigh ionsaí tromchúiseach ar ár gcórais TFC, a chruthaigh deacracht shuntasach don Roinn agus do FSS i dtaobh tabhairt faoinár n-obair le daoine a chosaint agus iad a choimeád sláintiúil. Ghlac ár ndaoine, mar a dhéanann siad i gcónaí, le príomhpháirt i dtaobh dul i ngleic leis an dúshlán seo trí obair dhian, smaointeoireacht nuálach agus cinnteoireacht thapa.

Tá onóir orm bheith i m'Aire Sláinte agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a a ghlacadh leis an bhfoireann go léir sa Roinn agus i measc na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta as a ndianobair leanúnach, a bpaisean agus a dtiomantas gan staonadh dár seirbhís phoiblí.



Stephen Donnelly, TD
An tAire Sláinte

LÉARGAS GINEARÁLTA

Tugtar cuntas sa tuarascáil bhliantúil seo don Roinn Sláinte ar na príomhéachtaí a rinneadh le linn 2021 chun aghaidh a thabhairt ar ár misean agus ár ról a chomhlíonadh. Leagtar an tuarascáil seo amach i measc cúig chaibidil, agus léirítear i ngach ceann díobh ceann amháin de na cúig thosaíocht straitéiseacha i [Ráiteas Straitéise 2021-2023](#) na Roinne Sláinte.

Misean na Roinne

Is é misean na Roinne Sláinte feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine dhaoine in Éirinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le daoine **saol sláintiúil agus neamhspleách** a bheith acu.
- A chinntiú go soláthraítear **sláinte agus cúram sóisialta ardchaighdeán agus sábháilte**.
- **Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta** níos freagrúla, níos comhtháite agus **atá dírithe ar dhaoine** a chruthú.
- **Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil** na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn agus an luach is fearr a chinntiú ó acmhainní an chórais sláinte.

Ról na Roinne

Freastalaíonn an Roinn ar an bpobal agus tacaíonn sí leis an Aire Sláinte, leis na hAirí Stáit agus leis an Rialtas tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Ceannaireacht agus treoir beartais** a sholáthar chun go gcuirfidh an earnáil sláinte feabhas ar thorthaí sláinte.
- Tabhairt faoi **mhaoirseacht rialachais agus feidhmíochta** le seirbhísí cuntasacha agus ardchaighdeán a chinntiú.
- **Comhoibriú chun tosaíochtaí sláinte a bhaint amach** agus cur le spriocanna sóisialta agus geilleagracha níos fairsinge.
- **Timpeallacht eagraíochta** a chruthú ina mbaintear ardfheidhmíocht amach, ina léirítear luach ar chomhoibriú agus ina bhforbraítear agus ina gcuirtear eolas agus scileanna na foirne chun feidhme.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Is iad na cúig thosaíocht i Ráiteas Straitéise na Roinne 2021-2023:

1. COVID-19 a bhainistiú agus sláinte phoiblí a chur chun cinn.
2. Cúram sa phobal a fhairsingiú agus a chomhtháthú.
3. Teacht ar chúram sláinte a dhéanamh níos cothroime agus níos tapúla.
4. Maoirseacht agus ar chomhpháirtíocht san earnáil a fheabhsú.
5. Eagraíocht atá oiriúnach don todhchaí a chruthú.

CAIBIDIL 1

COVID-19 A BHAINISTIÚ AGUS SLÁINTE PHOIBLÍ A CHUR CHUN CINN


Ba í tosaíocht uileghabhálach na Roinne Sláinte in 2021 ná an fhreagairt sláinte poiblí ar bhagairt COVID-19 a stiúradh agus, i gcomhthráth, infheistiú in agus forbairt a dhéanamh ar phleanáil sláinte an daonra, cosc a chur ar bhreiteacht agus sláinte agus folláine a chur chun cinn. Lean an Fhoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta (an FÉSPN/NPHET), a bunaíodh in Eanáir 2020, le sainchomhairle agus tacaíocht a sholáthar i rith na paidéime i rith 2021. Cuirtear léargas ginearálta ar fáil sa mhír seo ar obair agus ar éachtaí suntasacha na Roinne i rith na bliana.

EIPIDÉIMEOLAÍOCHT COVID-19 IN 2021

Bhí 763,968 cás tugtha le fios in Éirinn a fhaide le meán oíche an 31 Nollaig 2021, agus fógraíodh 87.7% de na cásanna seo (669,950) in 2021. Fógraíodh ní ba mhó cásanna sna chéad 22 lá in 2021 ná mar a fógraíodh i mbliain iomlán 2020. Bhain trí 'ráig' leis an ngalar i rith 2021 i rith 2021 agus thit dhá ráig amach rompu in 2020.


Mhair ráig 3 na paidéime ó Shamhain 2020 go dtí deireadh Mheithimh 2021. Rinneadh an líon ab ísle cásanna a cuireadh i dtaifead i rith na bliana (242 cás nua) a chur i dtaifead an 14 Meitheamh. Thosaigh ráig 4 go déanach i Meitheamh, agus cuireadh an líon ab airde cásanna i dtaifead i rith an cheathrú ráig (7,333).

Thosaigh an cúigiú ráig den ghalair i lár mhí na Nollag agus cuireadh an líon ab airde cásanna i dtaifead in aon lá amháin i rith 2021 an 30 Nollaig (20,554).



Tá líonta cásanna ó 22-12-21 bunaithe ar chásanna a thug CCT le fios.

Tugadh le fios go bhfuair 3,832 duine bás a bhain le COVID-19 in 2021, i gcomparáid le 2,294 duine in 2020.⁷ Tugadh an líon ab airde básanna le fios in Eanáir nuair a fuair 1,424 duine bás.



Bhí a mbunchúrsa vacsaín COVID-19 críochnaithe ag thart ar 81% den daonra faoi dheireadh 2021.

PRÍOMHFHIGIÚIRÍ

- Cuireadh 59 Rialachán um bearta sláinte poiblí le daoine a chosaint ó COVID-19 i gcrích.
- Tugadh 7.6 milliún tástáil um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaraíse (PCR) chun críche in 2021.
- Bhí 832 ball foirne páirteach sa Chlár Bainistíochta Teagmhálaithe (CBT).
- Soláthraíodh 120 leaba aonraithe do dhaoine a bhain toradh dearfach amach i dtaobh COVID-19 agus do theagmhálaithe dlútha agus cuireadh 280 leaba sciata ar fáil do dhaoine a bhí thíos le heaspa dídine.
- Bhí 45 ionad tástála COVID-19 pobail i bhfeidhm faoi mhí na Nollag 2021, a ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maoirseacht orthu.
- 4 Leanadh d'ionaid rianaithe teagmhálaithe a fheidhmiú chun déileáil le cásanna tánaisteacha a shainathint go mear.
- D'iontráil 10,398 duine an córas Coraintín Éigeantach Óstáin (CÉÓ).
- Ainmníodh 8 n-óstán Céó agus bhí 1,600+ seomra ar fáil ag an tréimhse ba ghnóthaí.
- Chuir an Príomhoifigeach Leighis (POL) 26 preasagallamh ar siúl.

⁷ Nóta - ní fios dáta an bháis i gcás 37 bás a bhaineann le COVID-19.

An Fhreagairt Sláinte Poiblí do COVID-19

AN FHOIREANN ÉIGEANDÁLA SLÁINTE POIBLÍ NÁISIÚNTA (AN FÉSPN) DO COVID-19

Tá cur chuige uile-rialtais faoi stiúir sláinte phoiblí ag tacú leis an bhfreagairt náisiúnta do COVID-19 ó dhearbhaigh Éire paindéim COVID-19 i Márta 2020. Baineann cinnteoireacht chomhtháite, comhpháirtíocht, sainchomhairle sláinte poiblí, agus soiléireacht chumarsáide leis an gcur chuige uile-rialtais seo.

Meicníocht bhunaithe í an Fhoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta chun freagairt na hearnála sláinte i leith éigeandálaí móra sláinte poiblí a chomhordú. D'éascaigh sí eolas a roinnt idir an Roinn Sláinte agus a gníomhaireachtaí. Chuir an FÉSPN treoir, stiúradh, tacaíocht agus sainchomhairle sláinte poiblí ar fáil don fhreagairt náisiúnta trí chéile i leith COVID-19. Thug an FÉSPN faoi ról ríthábhachtach, ach go háirithe, i dtaobh an fhreagairt náisiúnta don phaindéim a stiúradh trí mhonatóireacht gan stad gan staonadh a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar shláinte an phobail. Bhí comhairle an FÉSPN bunaithe ar stádas eipidéimeolaíochta an ghalair, réamh-mheastacháin samhaltaithe, comhairle agus treoir idirnáisiúnta, fianaise agus cleachtas atá ag teacht chun cinn araon go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus an tús áite uileghabhálach a tugadh don tionchar a imrítear ar shláinte an phobail a theorannú, agus na trí chroíthosaíocht seo a leanas a chosaint:

- Iad siúd is leochailí a chosaint.
- seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta nach mbaineann le COVID a atosú go leanúnach.
- an gá atá le soláthar leanúnach an oideachais agus cúraim leanaí a chosaint.

Chuir an FÉSPN go mór le pleananna straitéiseacha COVID-19 an rialtais a fhorbairt ó bhí Márta 2020 ann, ar foilsíodh dhá cheann díobh in 2021:

- Teacht Aniar agus Téarnamh COVID-19 2021: An Bóthar Amach Romhainn, Feabhra 2021, atá ar fáil anseo: <https://www.gov.ie/en/publication/c4876-COVID-19-resilience-and-recovery-2021-the-path-ahead/?referrer=http://www.gov.ie/ThePathAhead/>
- An Dúshlán a Athfhrámú: Leanúint lenár dTéarnamh agus Athcheangal ('Reframing the Challenge: Continuing our Recovery and Reconnecting'), Lúnasa 2021, atá ar fáil anseo: <https://www.gov.ie/en/press-release/f5291-post-cabinet-statement-COVID-19-reframing-the-challenge-continuing-our-recovery-and-reconnecting/>

Leanadh de bheith tiomanta do phrionsabal na trédhearcachta mar chuid lárnach d'obair an FÉSPN, agus leagadh béim láidir ar ábhar comhairle agus cinnteoireachta a fhoilsiú ar líne. Tá litreacha comhairleacha, cláir, agus miontuairiscí lenar glacadh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte.

Rinne Oifig an Phríomhoifigigh Leighis idirchaidreamh forleathan le foirne preasa agus cumarsáide trasrialtais lena chinntiú gur cuireadh eolas agus príomhtheachtaireachtaí tábhachtacha sláinte poiblí in iúl go soiléir don phobal i rith 2021. Thug Oifig an POL an méid seo a leanas chun críche i rith an ama seo:

Preasagallaimh	26
Físeáin mheán shóisialta (a bhain 1.4 milliún amharc orgánach amach, agus a bhain ar a laghad 5 mhilliún amharc, ar an iomlán, amach)	39
Agallaimh ar an raidió	7
Agallaimh ar an teilifís	6

Thacaigh rúnaíocht bhuan laistigh d'Oifig an POL leis an FÉSPN do COVID-19. Anuas air sin, bunaíodh Aonad Beartas an FÉSPN le próiseas an FÉSPN a éascú agus le tacú leis. Chas an FÉSPN ar a chéile breis agus 100 babhta, agus éascaíodh 28 cruinniú den fhoireann in 2021.

Chabhraigh an Roinn le tacú le hiompar dearfach sláinte i rith phaindéim COVID-19 agus chuir sí páipéir éagsúla a d'imir tionchar le chéile chun tacú leis an obair seo, an méid seo a leanas ina measc:

- “Athbhreithniú ar an bhfianaise idirnáisiúnta i leith creideamh agus cuspóirí i dtaobh glacadh le vacsaíní COVID-19” (Review of international evidence on beliefs and intentions with regard to uptake of COVID-19 vaccines).
- “Anailís réamh-mheastóra ar chuspóirí chun vacsaín COVID-19 a fháil in Éirinn” (Predictor analysis of intentions to get a COVID-19 vaccine in Ireland).
- “Meitea-anailís ar an tionchar a imríonn comhfhreagras aonair ar rátaí vacsaínithe an fhlíú: breithnithe do vacsaíníú COVID-19” (A meta-analysis of the impact of individual correspondence on flu vaccination rates: considerations for COVID-19 vaccination).
- “15 Eochairphointe chun Tacú le Glacadh le Vacsaíní COVID-19” (15 Key Points to Support Uptake of COVID-19 Vaccines).

Rinne an Roinn idirchaidreamh le FSS agus é ina aidhm an gá measta a dheimhniú atá le seirbhísí ‘COVID fadmharthanach’ chun tacú le hathshlánú agus téarnamh. Is é an sainmhíniú a thugann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (an EDS) ar Covid Fadmharthanach nó ‘riocht iar-COVID-19’: “an bhreiteacht a thagann ar dhaoine a bhfuil stair acu gur dóchúil nó gur deimhin go raibh ionfhabhtú SARS-CoV-2 orthu; laistigh de thrí mhí ó tháinig COVID-19 orthu, de ghnáth, agus a mbíonn comharthaí orthu agus éifeachtaí acu a mhaireann ar feadh ar a laghad dhá mhí. Ní féidir míniú trí dhiagnóis mhalartach a thabhairt ar chomharthaí agus éifeachtaí riocht iar-COVID-19.”⁸

CUMARSÁID SLÁINTE POIBLÍ

Nuair a buaileadh sinn ag COVID-19, chuaigh an Roinn i mbun gnímh leis an gcomhairle sláinte poiblí a sholáthar a chosnódh sinn uile ón ngalar nua seo. Rinne an Roinn é seo trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Cumarsáid faoi stiúir saineolaithe.
- Preasagallaimh laethúla agus cruinnithe faisnéise forleathana teicniúla sna meáin.
- Brandáil bhuí a bhfuil iontaoibh aisti - cuireadh seo ar fáil láithreach bonn don eanáil phoiblí agus phríobháideach.
- Cumarsáid fhianaisebhunaithe – trí úsáid a bhaint as suirbhéanna seachtainiúla agus grúpaí fócais le héisteacht leis an náisiún.
- Trédhearcacht sonraí leis an réasúnaíocht a mhíniú a bhaineann leis an gcomhairle sláinte poiblí.

Sholáthair an Roinn, ar an mbealach seo, eolas, tacaíocht agus comhairle iontaofa maidir le bearta cosanta sláinte, cosúil le maisc a chaitheamh, scaradh sóisialta agus vacsaínithe.

⁸ [Galar an Choróinvírís \(COVID-19\): Riocht iar-COVID-19 \(who.int\)](https://www.who.int/gar/choronavirus/covid-19/riocht-iar-covid-19)

Príomhéachtaí na freagartha sláinte poiblí do COVID-19

Tugtar léargas ginearálta sa mhír seo ar an ollmhéid cuimsitheach oibre a rinne an Roinn Sláinte i dtaobh Paindéim COVID-19 a bhainistiú.

CLÁR VACSAÍNITHE

Tá an clár imdhíonta COVID-19 is mó déanta de vacsaín COVID-19 i stair an Stáit, agus fuair breis agus 95% de dhaoine fásta vacsaíniú. Bhí an vacsaíniú ar fáil saor in aisce i rith 2021 dóibh siúd go léir ar mian leo é a fháil agus dóibh siúd ar measadh go raibh sé sábháilte i dtaobh cúrsaí cliniciúla de. Áiríodh leis na héachtaí ar leith an méid seo a leanas:

- Ghlac Éire páirt i bpróiseas soláthair atá á oibriú ag an gCoimisiún Eorpach chun teacht slán a fháil ar vacsaíní sábháilte agus éifeachtúla COVID-19.
- D'iontráil Éire seacht gComhaontú Réamhcheannaigh (CRCanna) agus bronnadh údarú margaidh ar chúig cinn de na vacsaíní.
- I ndiaidh gur críochnaíodh an príomhchlár, chuir an Stát tús le clár substainteach teandáileog i nDeireadh Fómhair.
- D'úsáid an clár vacsaínithe COVID-19 cainéil éagsúla soláthair, bunú ionad vacsaínithe i ngach contae, cleachtas ginearálta agus cógaslann phobail ina measc. Chinntigh na cainéil ilchineálacha soláthair go raibh an pobal in ann teacht gan stró ar vacsaíniú.
- Tháinig na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Oideasú agus Rialú Soláthair) (Leasú) (Uimh. 7), 2020 i bhfeidhm in 2021 a cheadaigh d'altraí agus do chnámhseacha vacsaínithe COVID-19 a thabhairt.

TÁSTÁIL AGUS RIANÚ

Lean an Roinn ag oibriú go dlúth le FSS sa dara bliain di ag déileáil le COVID-19, chun oibríocht iontaofa agus fhreagrúil tástála agus rianaithe COVID-19 a chur ar fáil i gcónaí agus le leanúint le hathbheithniú a dhéanamh ar an mbeartas tástála, agus aird ar an gcás eipidéimeolaíochta atá ag teacht chun cinn agus ar threoir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (an LGCR) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

- Bhí 45 ionad tástála COVID-19 pobail ag feidhmiú ar fud na tíre faoi mhí na Nollag 2021, a ndearna FSS maoirseacht orthu.
- Thacaigh an Roinn le FSS chun a dtuilleadh tástála um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR) a mhéadú aníos go dtí 300,000 tástáil a dhéanamh sa tseachtain (a méadaíodh aníos ó thuilleadh 175,000 ag deireadh 2020) agus rinneadh níos mó ná 13.6 milliún tástáil PCR COVID-19 in 2021.
- Leanadh de chláir thástála chuimsitheacha a chur ar bun in áiseanna cónaithe fhadtéarmaigh, in áiseanna próiseála bia agus i suíomhanna eile ardriosca leochaileacha.
- Fairsingíodh an straitéis tástála leis an úsáid níos fairsinge a bhaintear as tástáil antaigine a chur san áireamh ó Dheireadh Fómhair 2021, an úsáid san áireamh inar thug FSS tástálacha antaigine saor in aisce do theagmhálaithe dlútha nach raibh comharthaí orthu agus a raibh na vacsaíní iomlána faighte acu. Cuireadh tástálacha antaigine saor in aisce ar fáil freisin ó Shamhain 2021 do leanaí scoile agus don fhoireann a sainaithníodh amhail bheith mar chuid de mheitheal scoile ina raibh cás deimhnithe COVID-19.
- Lean páirt lárnach de bheith ag rianú teagmhálaithe i leith na freagartha don phaindéim. Leanadh de 4 ionad rianaithe teagmhálaithe a fheidhmiú chun déileáil le cásanna tánaisteacha a shainaitheint go mear.

- Bhí 832 ball foirne páirteach sa Chlár Bainistíochta Teagmhálaithe (CBT) amhail Nollaig 2021. Bhí 737 díobh seo fostaithe agus coinnithe mar chuid den lucht saothair tiomnaithe chun tacú le rianú teagmhálaithe. Ath-implonáíodh na 95 ball foirne eile ó FSS agus ó Róil seirbhíse poiblí eile.

AN LUCHT SAOTHAIR SLÁINTE

Chun fairsingiú leanúnach lucht saothair na hearnála sláinte a éascú chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha na paidéime, cuireadh na tionscnaimh seo a leanas i bhfeidhm:

- Cruthaíodh Deontas Socrúcháin Paidéime €100 sa tseachtain do mhic léinn incháilithe, lena cheadú d'ábhair altraí agus do chnámhseacha leanúint lena gcláir oideachais. Rinneadh an liúntas cóiríochta a mhéadú faoi dhó do mhic léinn.
- Lean Grúpa Maoirseachta Socrúchán Cliniciúil lena chuid oibre a dhéanamh in 2021 chun tacú le mic léinn agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás COVID-19 in ospidéal agus cinneadh a dhéanamh cibé acu má bhí nó mura raibh sé sábháilte d'ábhair altraí agus do chnámhseacha leanúint ar aghaidh lena socrúcháin.
- Cuireadh cistiú ar fáil lena cheadú chun líon substainteach altraí agus cnámhseach a chur ar fáil athuair don chlár atá á choimeád ag Bord Altranais agus Cnámhseachais na hÉireann (BACÉ) chun cabhrú leis an bhfreagairt do COVID-19, an clár vacsaínithe san áireamh.
- Cáipéis treorach a fhoilsiú ar leibhéal soláthair foirne agus ar mheascán scileanna i gcásanna borrrtha a eascraíonn as COVID-19, agus aird ar mholadh 5.5 den Phainéal Saineolaithe Tithe Altranais COVID-19.

SOLÁTHAR COVID-19

Lean an Roinn ag oibriú go dlúth le FSS maidir lena gcainéil a fhorbairt trína bhféadfadh othair leochaileacha teacht ar theiripí COVID-19 nua agus atá ag teacht chun cinn. D'oibrigh an Roinn le hearraí agus seirbhísí bunriachtanacha a fháil, cosúil le trealamh cosanta pearsanta (TCP), áiseanna aonraithe agus drugaí frithvíreasacha agus teiripic COVID-19. Áirítear le samplaí de seo:

- Grúpa Comhairleach Teiripice (GCT) a bhunú in FSS i ráithe 4 in 2021 agus é mar chuspóir comhairle agus moltaí cliniciúla a sholáthar ar na cógais uile theiripeacha reatha agus atá ag teacht chun cinn i leith COVID-19 a úsáid. Thosaigh an grúpa seo obair chomh maith le cáilitheacht chliniciúil bhall den phobal a bhunú leis an teiripic seo a fháil. Lean an GCT den teiripic COVID-19 nua agus atá ag teacht chun cinn go léir a mheasúnú agus a athbhreithniú.
- Tosaíodh próiseas soláthair maidir le cúrsaí aonair cóireálacha frithvíreasacha agus monaclónacha antasubstainte COVID-19 a cheannach.
- Comhoibríodh le FSS maidir lena gcainéil a fhorbairt trína bhféadfadh othair leochaileacha teacht ar theiripí COVID-19 nua agus atá ag teacht chun cinn.

MOL SONRAÍ COVID-19 NA HÉIREANN

Chuir an Roinn nuashonruithe laethúla ar fáil don phobal ar phríomhtháscairí COVID-19 trí Mhol Sonraí COVID-19 na hÉireann⁹, agus trínár gcomhpháirtithe comhoibrithe. Cuireadh príomhbhearta i láthair ar líonta cásanna agus básanna áitiúla agus náisiúnta COVID-19.

⁹ <https://COVID-19.geohive.ie>

D'fhéadfadh an pobal monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chlár vacsaínithe na hÉireann trí shonraí vacsaínithe COVID-19 a chur i láthair. Cuireadh figiúirí laethúla i láthair freisin a rinne an líon daoine a chomhaireamh ar a ndearnadh tástáil agus a ceadaíodh isteach san ospidéal/san Aonad Dianchúraim le híomhá fhairsing a sholáthar don phobal ar an gcás COVID-19 cás in Éirinn faoi mar a tháinig sé chun cinn.

CORAINTÍN ÉIGEANTACH ÓSTÁIN

I ndiaidh don rialtas an cinneadh a dhéanamh an 26 Eanáir 2021, tosaíodh le hobair láithreach le córas CÉÓ a bhunú in Éirinn mar bheart ar leith sláinte poiblí, nuair a chuirtear san áireamh go raibh leaganacha den víreas arbh ábhar buartha iad á dtabhairt ag daoine go hÉirinn agus a d'fhéadfadh an tseirbhís sláinte a chur go mór faoi bhrú agus a d'fhéadfadh baint den chlár vacsaínithe náisiúnta. Bhí seo á stiúradh ag an Roinn Sláinte agus ba thionscadal comhoibrítheach é ónar theastaigh roinnt ranna agus comhlachtaí stáit a bheith páirteach ann.

Chuir an Roinn Foireann Tionscadail chun feidhme faoi thrí shruth oibre: reachtaíocht; dearadh seirbhíse; agus soláthar. Cuireadh CÉÓ ar fáil chun rioscaí suntasacha sláinte poiblí a mhaolú: forbraíodh agus achtaíodh reachtaíocht nua; dearadh agus cuireadh chun feidhme córas iomlán ó cheann go ceann a bhí ag feidhmiú ar bhonn 24/7; soláthraíodh agus imlonnaíodh seirbhísí agus áiseanna tráchtála - agus rinneadh seo uile laistigh de 6 seachtaine agus d'éirigh leo é a oibriú ar feadh 6 mhí, agus rinne sé próiseáil ar bhreis agus 10,000 duine.

Achtaíodh bunreachtaíocht an 7 Márta 2021 agus bhí an córas CÉÓ i mbun feidhme an 26 Márta 2021. Síneadh an reachtaíocht CÉÓ faoi dhó: go dtí an 31 Iúil 2021 agus an 31 Deireadh Fómhair 2021. Chuir an córas deireadh ansin lena oibríochtaí an 25 Meán Fómhair 2021 nuair a d'fhógair an tAire Sláinte go mbainfí na Stáit Ainmnithe uile eile.

B'éard a d'éascair as an obair seo:

- 593 cás dearfach COVID-19 a shainnithint, leaganacha san áireamh arbh ábhar buartha iad, agus bhain seo na rioscaí ionfhabhtaithe den phobal i gcoitinne.
- Cuireadh struchtúr cuimsitheach rialachais i bhfeidhm ina raibh páirtithe leasmhara iolracha páirteach.
- Ainmníodh 8 n-óstán ina raibh 1,600+ seomra i rith na buaice agus cuireadh i bhfeidhm iad anuas ar sheirbhísí iomlána timfhillteacha, slándáil, iompar, cúram leighis, tástáil, freagairt do theagmhais agus feidhm na hOifige Idirchaidrimh Stáit ar an láthair ar bhonn 24/7 san áireamh.
- Rinneadh áiseanna, foireann agus próisis dearaidh a dhearadh agus a chur chun feidhme ag calafoirt iontrála ar fud na hÉireann – 3 chalafort farraige agus 6 aerfort.
- Seoladh tairseach áirithinte an 23 Márta 2021 agus d'iontráil 10,398 duine an córas CÉÓ, ar an iomlán.
- Bunaíodh feidhm neamhspleách achomhairc i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt. Rinne 30+ abhcóide athbhreithniú ar achomhairc chónaitheoirí ar bhonn laethúil agus baineadh meánaga slánúcháin níos giorra ná 3 huairé an chloig amach.

Bhí CÉÓ éifeachtach i dtaobh tacú leis na bearta sláinte poiblí chun cur in aghaidh COVID-19 in Éirinn, agus in aghaidh leaganacha arbh ábhar buartha iad, ach go háirithe. Chuir sé le laghdú ar na líonta cásanna agus le spás a chruthú ina bhféadfaí clár vacsaínithe a thabhairt isteach. Ar a uain sin, bhíothas in ann an tsochaí agus an geilleagar a oscailt athuair de réir a chéile agus go sábháilte dá bharr.

BEARTAS TAISTIL

Ba í aidhm an bheartais taistil mar fhreagairt do COVID-19 sláinte an phobail a chosaint. Leanadh le forbairt lúfar agus fhrithghníomhach a dhéanamh ar an mbeartas, dá bharr, i gcaitheamh na paindéime, agus bhí an fhorbairt sin curtha ar an eolas ag an gcás eipidéimeolaíochta a raibh forbairt ag teacht air agus ag fianaise eolaíochta atá ag teacht chun cinn.

Chomhordaigh an Roinn cruinnithe trasdlínsiúla leis an POL laistigh de chreat an Chomhair Uile-Oileáin sa Fhreagairt Sláinte Poiblí do Phaindéim an Choróinvíris (2019-nCoV). Bhunaigh sí comhaontú roinnte sonraí freisin leis an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí (Tuaisceart Éireann), le sonraí faoi Fhoirmeacha Aimsithe Paisinéara a roinnt mar chuid de chomhar uile-oileáin maidir le COVID-19.

CUR CHUIGE COITEANN I LEITH TAISTEAL ION-AE

Sholáthair an Roinn ionchur suntasach isteach i bhfóraim agus tuarascálacha ar leibhéal an AE, agus thacaigh sí leis an méid seo a leanas:

- Cruinnithe AE ar leibhéal Aire.
- Obair leanúnach an Choiste Slándála Sláinte.
- Socruithe freagartha do ghéarchéim pholaitiúil chomhtháite AE.

Rinne an Roinn cinneadh faoi chur chuige comhordaithe i leith taisteal ion-AE, le breithniú a dhéanamh ar thuairimí náisiúnta faoi Mholadh 2020/1475 Chomhairle an AE¹⁰.

RIACHTANAS TAISTIL SLÁINTE POIBLÍ

Thacaigh an Roinn le cinntí rialtais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bheartas taistil Éireannach i rith éigeandáil COVID-19. Rinne sí forbairt agus leasuithe ar an reachtaíocht chun tacú le beartas taistil COVID-19, go sonrach maidir le cáipéisí riachtanacha sláinte, coraintín, agus tástáil. Thacaigh sí chomh maith le saineolaithe sláinte poiblí ina n-obair ar thaisteal idirnáisiúnta i gcomhthéacs COVID-19. Maidir leis an méid thuas, rinne an Roinn an méid seo a leanas freisin:

- Comhoibriú le Ranna eile maidir le gnéithe cumarsáide poiblí bheartas taistil an Rialtais.
- Sholáthair sí comhoibriú agus comhordú idirearnála, faoi mar ba chúil, ar COVID-19.

FOIRM AIMSITHE PAISINÉARA

Rinne an Roinn stiúradh ar an bhFoirm Aimsithe Paisinéara COVID-19 a thabhairt isteach ar bhonn reachtaíochta agus oibríochtúil chun tacú le rianú teagmhálaithe agus le rannpháirtíocht sláinte poiblí le paisinéirí i ndiaidh dóibh teacht go hÉirinn. Sholáthair an Roinn cumarsáid sláinte poiblí freisin do phaisinéirí idirnáisiúnta a bhí ag teacht go hÉirinn, trí ionad teagmhála na Foirme Aimsithe Paisinéara, ar aon dul le comhairle sláinte poiblí.

¹⁰ [EUR-Lex - 32020H1475 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)

DEIMHNIÚ DIGITEACH COVID

Rinne an Roinn comhordú ar Dheimhniú Digiteach COVID an AE a chur i bhfeidhm agus rinne sí idirchaidreamh le Sainghrúpa Dheimhniú Digiteach COVID an AE maidir le leasuithe a bheartaítear ar Rialacháin reatha an AE agus d'fhorbair sí reachtaíocht náisiúnta chun tacú le creat Dheimhniú Digiteach COVID an AE a chur i bhfeidhm. Sa mhullach air sin, rinne an Roinn na rudaí seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt do chomhordú ar chumarsáid phoiblí le tabhairt isteach Deimhnithe Digiteacha COVID a éascú.
- Forbraíodh agus soláthraíodh maoirseacht leanúnach oibríochtúil don phróiseas iarratais do shaoránaigh Éireannacha a vacsaíníodh i dtríú tíortha chun iarratas a dhéanamh ar an Deimhniú Digiteach COVID Éireannach.
- Bunaíodh Ionad Seirbhíse an Deimhnithe Dhigitigh COVID in Iúil 2021 chun déileáil go díreach le ceisteanna ó bhaill den phobal a bhaineann le Deimhniú Digiteach COVID an AE.
- Thacaigh sí le Deimhnithe Digiteacha COVID a chur i bhfeidhm go teicniúil agus le haipéanna fóraithe chun tacú le saorghluaiseacht saoránach Éireannach laistigh den AE.
- Fairsingíodh an úsáid a bhaintear as Aip Rianaire COVID chun feidhm sparáin a chur san áireamh chun tacú le saoránaigh a nDeimhnithe Digiteacha COVID AE a stóráil.

REACHTAÍOCHT SLÁINTE POIBLÍ

De réir mar a d'iontráil Éire an dara bliain de phaindéim COVID-19, theastaigh bearta breise sláinte poiblí lenár bhuntacaigh an reachtaíocht. Dhréachtaigh agus phróiseáil an Roinn reachtaíocht le foráil a dhéanamh do na bearta sláinte poiblí éagsúla a bhí i bhfeidhm i rith 2021. Próiseáladh 129 Ionstraim Reachtuil (IRanna) a rinne foráil do bhearta sláinte poiblí chun daoine a chosaint ó COVID-19 agus ullmhaíodh agus próiseáladh rúin a bhí le breithniú ag Tithe an Oireachtais chun na hAchtanna éagsúla COVID-19 a shíneadh.

Dréachtaíodh agus próiseáladh na Billí nua seo a leanas a bhaineann le COVID-19 go ndéanfaidh Tithe an Oireachtais breithniú orthu:

- An tAcht Sláinte (Leasú), 2021
- An tAcht Sláinte (Leasú) (Uimh. 2), 2021
- An tAcht Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú), 2021
- An tAcht Sláinte agus Ceartais Choiriúil (Covid-19) (Leasú) (Uimh. 2), 2021

OBAIR THRASRIALTAIS

Anuas ar an obair thrasrialtais faoinar thug an FÉSPN, tháinig comhghleacaithe i Seirbhís Sláinte Chomhshaoil (SSC) FSS le chéile le comhlachtaí rialála agus cigireachtaí eile ar fud an Rialtais i bhFórm na Rialálaithe, faoi Chathaoirleacht Oifig an Taoisigh. Chuir seo ar chumas gníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt, arbh é seo an chéad uair do roinnt díobh.
- Bealach níos éifeachtúla a sholáthar le comhlíonadh a chinntiú i measc na hearnála fáilteachais taobh istigh.
- Glacadh le cur chuige comhoiriúnaithe a cheadaigh solúbthacht i measc comhlachtaí rialála.

Chuir an SSC fáilte roimh chur chuige nuálach cheardlanna an fhóiraim a rinne idirchaidreamh le cigireachtaí eile a chur chun cinn.

IDIRCHADREAMH IDIRNÁISIÚNTA AGUS AE

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tugadh gníomhaíocht sláinte mhéadaithe faoi deara ar leibhéal an AE. Tionóladh ocht gcruinniú idir Airí Sláinte an AE, agus ba mhínic go raibh an clár dírithe ar COVID-19 agus ar iarrachtaí chun bearta sláinte poiblí Bhallstáit an AE a chomhordú.

Ghlac Éire páirt iomlán san idirbheartaíocht maidir le pacáiste bearta reachtaíochta Aontas Sláinte na hEorpa a cuireadh chun cinn in 2021. Cuirfidh Aontas Sláinte na hEorpa a fhorbairt leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus cumas an AE agus a Bhallstát a neartú chun freagairt d'éigeandálaí sláinte amach anseo. Sa mhullach air sin, rinne an Roinn na rudaí seo a leanas:

- Thacaigh sí le Comhlacht Idirbheartaíochta Idir-Rialtasach an EDS chun comhaontú le hionstraim atá ina ceangal idirnáisiúnta maidir le hullmhacht agus freagairt don phaindéim, a bunaíodh i Nollaig 2021.
- Bhunaigh sí Grúpa Idirchaidrimh inmheánach, EU4Health, - an ceathrú clár sláinte AE agus an ceann is mó lenar glacadh sa reachtaíocht an 24 Márta 2021.
- Rinneadh ionadaíocht do thuairimí na hÉireann faoin Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandálaí Sláinte (HERA) nua in Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh. Tá mar aidhm ag an gcomhlacht seo frithbhearta leordhóthanacha leighis a chinntiú chun ullmhú d'éigeandálaí sláinte trasteorann amach anseo.
- Glacadh páirt i dTascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála, agus cinntíodh, ina theannta sin, gur cuireadh tosaíochtaí na hearnála sláinte san áireamh san idirbheartaíocht a rinne Éire ar an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil de chuid an AE.
- Rinneadh comhordú ar sholáthairtí leighis daonnúla a cuireadh ar fáil mar thabhartais don India, Neipeal agus an Bhrasaíl, a theastaigh mar gheall ar ghéarchéim ba chúis le COVID-19, trí úsáid a bhaint as an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta de chuid an AE.
- Glacadh páirt i Sainghrúpa na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE) um Eacnamaíocht na Sláinte Poiblí (EGEPH), an Grúpa Beartais Idirnáisiúnta um Léargas ar Iompraíocht, agus i nGrúpa Oibre an EDS um an gCreat Réigiúnach Léargais ar Iompraíocht agus an Cultúr (BCI).

Leanúnachas agus Oiriúnú Seirbhíse

Lean paindéim COVID-19 ag cur isteach ar an ngnáthghníomhaíocht chúraim sláinte i rith 2021. Ina ainneoin seo, lean an Roinn Sláinte ag tacú leis an earnáil sláinte agus chúraim shóisialta agus le hí a stiúradh agus a chinntiú, a mhéid agus ab indéanta, gur leanadh leis na seirbhísí a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

CÚRAM PRÍOMHÚIL AGUS POBAIL

Ghlac cleachtóirí cúraim phríomhúil le ról lárnach i bhfreagairt do riachtanais sláinte an phobail i rith ghéarchéim COVID-19. Thacaigh idirchaidreamh idir an Roinn Sláinte, FSS agus na comhlachtaí rialála éagsúla gairmiúla agus rialála leis an ról seo, mar shampla:

- Leanadh le híocaíochtaí tacaíochta cleachtas ghinearálta do sheirbhísí a bhaineann le COVID-19 a dhéanamh i rith 2021, tacaíodh le cleachtas Dochtúra Ghinearálta (DG) agus cinntíodh go raibh teacht ag

othair ar mheasúnuithe COVID-19, atreoruithe chuig tástáil, agus ar chlinicí tiomnaithe i bpearsan COVID-19 a bhaineann le riospráid, sa chás gur cuí, saor in aisce.

- Glacadh páirt i bhFóram Pleanála Teagmhasaí Cógaslann Phobail FSS, chun cabhrú le pleanáil teagmhais a chomhordú do sheirbhísí cógaslainne pobail i gcomhthéacs COVID-19.

TACAÍOCHTAÍ DO THITHE ALTRANAIS

Tá daoine breacaosta, go háirithe iad siúd ar a bhfuil lagú leighis, i mbaol go mór go mbainfidh siad torthaí níos measa amach má thagann COVID-19 orthu. Theastaigh aird faoi leith, ar an ábhar sin, ó láithreacha comhchónaithe, cosúil le háiseanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh.

An Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh (an SÍCS):

Bhunaigh an Roinn an Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh COVID-19 (an SÍCS), i gcomhar le FSS agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (an CNCC) in 2020. Lean sí ag tacú le tithe altranais isteach in 2021 mar chuid de phacáiste bearta tacaíochta. Ranníoc an SÍCS i dtreo na gcostas breise a bhí le híoc ag tithe altranais príobháideacha agus deonacha chun ráigeanna COVID-19 a chosc agus a bhainistiú.

Bhain dhá ghné leis an SÍCS: Cúnamh Caighdeánach agus Cúnamh Ráige. Bhí Cúnamh Caighdeánach ar fáil do gach teach altranais chun íoc as costais bhreise a bhaineann le COVID-19 a chosc. Thug Cúnamh Ráige tacaíocht ar fáil do thithe altranais chun ráigeanna a bhainistiú nuair a thit siad amach. Faoi dheireadh 2021, bhí breis agus €134.5 milliún curtha ar fáil do thithe altranais faoin SÍCS.

- Bhí 86 moladh, ar an iomlán, i dtuarascáil an Phainéil Saineolaithe Tithe Altranais COVID-19, i measc 15 limistéar théamacha, ag a raibh amlínte gaolmhara le haghaidh cur i bhfeidhm i rith an ghearrthéarma, an mheántéarma agus an fhadtéarma, óna dteastaíonn meascán d'fhreagairt leanúnach oibríochtúil do COVID-19 agus athchóiriú straitéiseach níos fadtéarmaí. Rinne an Roinn stiúradh ar agus sholáthair sí maoirseacht ar an bpróiseas um chur i bhfeidhm, an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn a fhorbairt, san áireamh, a rinneadh i Meán Fómhair 2021, a leag béim ar an dul chun cinn substainteach a bhí á dhéanamh ag na páirtithe leasmhara go léir, agus díriú ar leith ar na moltaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a theastaíonn ón bhfreagairt láithreach bonn do COVID-19.
- Chomhoibrigh an Roinn le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe (AMIRC) FSS, an tIonad Faireachais um Chosaint Sláinte (an IFCS) agus le príomh-chomhpháirtithe eile lena chinntiú gur cuireadh treoir shoiléir ar fáil agus gur coimeádadh í cothrom le dáta maidir le bearta cuairte agus um chosc agus rialú ionfhabhtuithe i dtithe altranais agus i seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh.
- Tosaíodh le struchtúir thacaíochta fhoirmiúla don earnáil tithe altranais a fhorbairt, a bhain úsáid as na struchtúir thacaíochta pobail a cuireadh ar bun mar fhreagairt dhíreach do COVID-19.
- Choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú idirnáisiúnta fianaise ar Chreataí Rialachais Chliniciúil agus ar Shamhlacha Sábháilteachta Cónaitheoir ón mBord Taighde Sláinte (an BTS) chun tacú le breithnithe maidir leis an gcreat rialachais chliniciúil do thithe altranais.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

Cuireadh tacaíochtaí spriocdhírthe i bhfeidhm le tionchar COVID-19 a íoslaghdú ar ghrúpaí atá eisiata ó thaobh cúrsaí sóisialta de i suíomhanna comhchónaithe agus sa phobal, tús áite a thabhairt do ghrúpaí atá eisiata ó thaobh cúrsaí sóisialta de san áireamh faoi chlár vacsaínithe COVID-19 agus 120 leaba aonraithe a sholáthar do dhaoine a bhain toradh dearfach amach i leith Covid agus do theagmhálaithe dlútha agus 280 leaba sciata do dhaoine atá thíos le heaspa dídine.

Sláinte Phoiblí a Chur chun Cinn

Lean an Roinn le pleanáil sláinte an daonra a fhorbairt agus le hinfheistiú inti, cosc a chur ar bhreiteacht agus leis an tsláinte agus folláine a chur chun cinn, agus tacú le daoine saol níos sláintiúla a bheith acu trí thionscnaimh éagsúla sláinte a sheoladh.

- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil i mBealtaine 2021. Forbraíodh an plean ar fud an rialtais agus cuireann sé le hobairt agus dul chun cinn Éire Shláintiúil. Déantar soláthar sa Phlean don bhealach is féidir linn leanúint d'oibriú as lámh a chéile chun dea-shláinte, teacht ar sheirbhísí, timpeallachtaí sláintiúla, agus cur chun cinn na hathléimneachta a bhaint amach. Cinntíonn seo gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte agus folláine a mhéid agus is féidir leo.
- Thacaigh “An Feachtas Bí ar Fónamh” leis an daonra lena sláinte agus a bhfolláine i rith phaindéim COVID-19 in 2021. Aistríodh an díriú ansin go dtí straitéisí cumarsáide i ndiaidh COVID, agus seoladh dhá fheachtas go déanach in 2021. Ba é seo an feachtas [“Let’s Get Back” de chuid Spórt Éireann](#), i gcomhar le hÉire Shláintiúil a spreag daonra na hÉireann filleadh ar an spórt agus ar ghníomhaíocht choirp tar éis gur laghdaíodh srianta COVID-19. Rinne an feachtas [“Let’s Get Set”](#) de chuid Éire Shláintiúil príomhtheachtaireachtaí an bhia shláintiúil, na gníomhaíochta coirp agus na folláine meabhrach a chur chun cinn.
- Leanadh leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp a chur i bhfeidhm trí thacaíocht a thabhairt do chlár agus phríomhthionscnaimh Bhratach na Scoile Gníomhaí, lena thacaigh Éire Shláintiúil trí Spórt Éireann, chun tacú le siúl, rith, rothaíocht agus snámh, taighde, monatóireacht agus measúnú ar an spórt agus an ghníomhaíocht choirp, agus tionscnaimh eile, cosúil leis an mBunachar Sonraí Náisiúnta Conláistí a fhorbairt.
- Leanadh den Straitéis Sláinte Ghnéis Náisiúnta a chur i bhfeidhm agus fairsingíodh an clár Próifíolacsais Réamhnochta, tástáil ar líne a thabhairt isteach i dtaobh STIanna/VEID (a bhí ar fáil in 20 contae faoi dheireadh 2021) agus teachtaireachtaí gnéis níos sábháilte don phobal a chur chun cinn trí réimse láithreáin ghréasáin agus ardáin mheán sóisialta, Twitter, Facebook agus Instagram san áireamh, agus páirt a ghlacadh i dtionscnamh na gCathracha Modha Mhear VEID.
- Soláthraíodh Creat an Champais Shláintiúil i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (an RBOAOTNE) agus dáileadh síolchistiú ar gach campas chun sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc na foirne agus mic léinn tríú leibhéal.
- Foilsíodh Creat um Éire Shláintiúil ag an Obair chun treoir straitéiseach agus acmhainní praiticiúla a sholáthar chun tacú le gach ionad oibre chun sláinte agus folláine a bhfoirne a fheabhsú.
- Foilsíodh “Treochlár d’Athmhúnlú Táirgí Bia in Éirinn”. Leagtar spriocanna amach sa Treochlár chun laghdú ar leibhéal saithithe, siúcra, salainn agus chalaí i mbianna próiseáilte a bhaint amach. Soláthraíodh cistiú tiomnaithe do Thascfhórsa Athmhúnlaithe Bia (atá suite laistigh d’Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) leis an Treochlár a chur i bhfeidhm.

- Seoladh Clár Pobal Sláintiúil Sláintecare. Díríodh ar na limistéir ina raibh an gá ba mhó le tacaíocht agus seirbhísí breise, roghnaíodh 19 limistéar. Cuirfidh comhpháirtithe FSS agus pobail seirbhísí oideasaithe shóisialta, tacaíochtaí chun scor de chaitheamh tobac, cúrsaí tuistithe, agus comhairle agus oiliúint phraiticiúil ar chothú ar fáil don fhoireann cúraim sláinte áitiúil (19 bpost thiomnaithe Bia agus Cothaithe Pobail san áireamh). Anuas air sin, tá an Roinn ag oibriú as lámh le gach údarás áitiúil le hOifigeach Forbartha Áitiúla a sholáthar chun dul i ngleic le cinntithigh níos fairsinge na sláinte i ngach pobal.
- Cuireadh tús le hailt iolracha den Acht Sláinte Poiblí (Alcól), Alt 11 san áireamh maidir le Praghsáil Aonaid Íosta.
- Cuireadh an Cruinniú Mullaigh Ceannaireachta Idirnáisiúnta um Rialú Tobac ar bun an 18 Deireadh Fómhair 2021. Thug an Taoiseach an Cruinniú mullaigh isteach agus bhí an tAire Sláinte ina phríomhchainteoir.

SÁBHÁILTEACHT BHIA

Faoin Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc, an ghné agraibhia de Chomhaontú Glas na hEorpa, a fógraíodh i mBealtaine 2020, beartaíonn an Coimisiún Eorpach a Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí (FIC) a leasú chun tacú le cinntí sláintiúla agus inbhuanaithe ceannaigh bia agus chun cur amú bia a laghdú. Tá an Rialachán á leasú maidir le cúig ghné, a bhfuil ceithre cinn díobh á leasú faoi Straitéis an AE ón bhFeirm go dtí an Forc agus tá ceann amháin á leasú faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa.

Le seasamh Éireannach a bhunú, chuir an Roinn tús le staid bheartais a fhorbairt maidir le pacáiste athbhreithnithe lipéadú bia an Choimisiúin Eorpaigh.

- Bunaíodh treochlár um chomhoibriú trasrialtais chun bonn fianaise láidir chun tacú leis na roghanna a bhfuiltear ina bhfabhar sa seasamh seo.
- Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) comhairliúchán poiblí ar bun i Ráithe 1 2021 thar ceann na Roinne Sláinte a d'iarr ar dhearcthaí agus aiseolas ar na tograí seo leis an Rialachán FIC a leasú.
- Chomhordaigh an Roinn Sláinte an obair seo agus d'oibrigh sí go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, anuas ar ghníomhaireachtaí ábhartha faoi shainchúram gach cinn de na ceithre Roinn.

Mar thoradh ar an mBreatimeacht, cuireadh bonneagar breise fisiciúil i bhfeidhm ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Europort Ros Láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú gur féidir le hÉirinn na riachtanais a bhainistiú go héifeachtach do sheiceálacha agus rialuithe ar thrádáil leis an RA. D'oibrigh an Roinn, i gcomhar le Seirbhís Sláinte Chomhshaoil FSS le Ranna agus Gníomhaireachtaí iomadúla chun tacú le córais éifeachtacha rialaithe sábháilteachta bia i measc na n-áiseanna éagsúla Stáit a íoslaghdaíonn an tionchar ar shláinte poiblí agus trádáil a éascú.

Forbraíonn an Roinn clár reachtaíochta gach bliain agus déantar leasú air go ráithiúil i gcomhairle le SSC FSS agus ÚSBÉ. Thug an tAonad Bia 8 IR isteach in 2021 agus phróiseáil sé 35 Rialachán Bia an AE.

CAIBIDIL 2

CÚRAM A FHAIRSINGIÚ AGUS A CHOMHTHÁTHÚ SA PHOBAL

Tá an Roinn tiomanta do dhaoine a choimeád folláin sa bhaile, nó i ngar don bhaile, trí chúram príomhúil agus cúram sóisialta a fhairsingiú agus a mhéadú atá ar fáil sa phobal, laistigh de shamhail chomhtháite chúraim i measc na suíomhanna uile.

CÚRAM PRÍOMHÚIL

Lean an Roinn le haghaidh a thabhairt ar a gealltanas chun acmhainn agus soláthar seirbhíse a fhairsingiú laistigh den earnáil chúraim phríomhúil, a rinne an t-aistriú a thabhairt chun cinn dá bharr ar an tsamhail chúraim sláinte agus a thacaigh le cúram níos cuimsithí do dhaoine laistigh dá bpobail áitiúla. Áiríodh leis an dul chun cinn i dtreo na sprice seo in 2021:

- Infheistíocht shuntasach sa chlár Cúraim Pobail Bhreithe le 49 Líonra Cúraim Sláinte Pobail (LCSPanna) agus 17 Sainfhoireann Pobail um Dhaoine Breacaosta agus Bainistiú Galair Ainsealaigh a bhunú.
- Seoladh an scéim Rochtain Dhíreach ag DGanna ar Dhiagnóisic a sholáthair breis agus 138,000 scanadh raideolaíochta i rith na bliana.
- Foirne Idirghabhála Pobail (FIPanna) a fhairsingiú chun go gcuimsítear an tír iomlán sa tseirbhís, den chéad uair, ina bhfuil 21 foireann i bhfeidhm.
- Leanadh d'Íonaid Chúraim Phríomhúil (ICPanna) a sholáthar fud fad na tíre, agus osclaíodh naoi ICP nua in 2021, agus mhéadaigh seo an líon iomlán ionad oibríochtúil aníos go dtí 147.
- Mar gheall gur tugadh tús áite do shocrú eatramhach riaracháin agus go ndearnadh oibríochtúil é go luath in 2021 le teacht níos fairsinge ar chártaí leighis a éascú do dhaoine ar a bhfuil breoiteacht mharfach, ar feitheamh na reachtaíochta.

CLEACHTAS GINEARÁLTA (CG)

In ainneoin thionchar na paidéime, leanadh le Comhaontú 2019 DGanna um Athchóiriú Conartha agus Forbairt Seirbhíse a chur i bhfeidhm sa chás gurbh fhéidir. Rinneadh méaduithe suntasacha ar infheistíocht i gcleachtas ginearálta le rogha gairm bheatha níos mealltaí a dhéanamh de seo do dhochtúirí, leis an líon DGanna a oibríonn sa Stát a mhéadú agus, ar an ábhar sin, feabhas a chur ar rochtain d'othair.

Tar éis gur tháinig méaduithe móra i mblianta roimhe seo, tháinig méadú aníos go dtí 233 in 2021 ar an líon dochtúirí a thug aghaidh ar oiliúint DG. Anuas air sin, tugadh aistriú oiliúint DG ó FSS chuig Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, a cheadóidh acmhainn oiliúna DG a fhairsingiú níos mó sna blianta amach romhainn.

Fairsingíodh an clár DGanna um Bainistiú Galair Ainsealaigh (CDM), tar éis gur cuireadh tús leis in 2020, le hothair Sheirbhísí Míochaine Ginearálta a chur san áireamh 65 bliain agus níos sine ar a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na riochtaí a shonraítear. Cabhraíonn an clár CDM le cúram d'othair ar a bhfuil galair ainsealacha a aistriú isteach sa phobal agus níos giorra don bhaile, leis an ngá atá le freastal ar an ospidéal a laghdú.

SCIATHADH

Lean an Coiste Comhairleach Náisiúnta Scagthástála (an CCNS) le trí chruinniú a thit amach in 2021 agus foilsíodh a chéad Tuarascáil Bhliantúil, ina sonraítear an dul chun cinn a rinneadh ó bunaíodh é in 2019. Chríochnaigh agus ghlac an Coiste i rith 2021 le próisis le hiarratais nua a mheasúnú le haghaidh cláir scagthástála dhaonrabhunaithe in Éirinn agus le haghaidh athruithe ar chláir reatha. I ndiaidh gur glacadh leis na próisis seo:

- Seoladh an chéad Ghlaoch Bliantúil ag deireadh 2021.
- Bhí sé ar oscailt do bhail an phobail, FSS, cliniceoirí agus aon duine ar spéis leo togra a dhéanamh.
- Fuarthas 53 aighneacht atá á n-athbhreithniú faoi láthair ag an gCoiste.

Lean an LASN le tús áite a thabhairt do chláir scagthástála leanaí nuabheirthe a fhairsingiú agus, ar iarraidh an Choiste, thug an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) faoi athbhreithniú ar phróisis atá á n-úsáid go hidirnáisiúnta chun eolas a chur ar fáil dá bhfairsingiú. Dá réir sin, d'fhoilsigh HIQA 'Athbhreithniú ar phróisis atá á n-úsáid chun eolas a chur ar fáil d'fhairsingiú cláir scagthástála spotáí fola ar leanaí nuabheirthe' in Iúil 2021.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIRSHLÁINTE

- Soláthraíodh €1 milliún do mheabhairshláinte Éireann le scéim deontais a bhainistiú thar ceann na Roinne, a sholáthair deontais chun gníomhartha a dhéanann gníomhaireachtaí pobail agus deonacha a chuireann meabhairshláinte agus folláine a chur i bhfeidhm a stiúradh go háitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Rinne cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta mheabhairshláinte 'an Fhís an Roinnt' a chur chun cinn, agus bunaíodh struchtúir cosúil le Grúpa um Chur i bhFeidhm FSS agus Sainghrúpaí um Meabhairshláinte Bhan, Idirbhearta Meabhairshláinte Óige agus Toilleadh Leapacha Géarmhíochaine.
- Rinneadh seirbhísí teileashláinte a bhunú go hiomlán agus a sholáthar mar chuid de sholáthar seirbhíse cumaisc, agus tugadh tús áite do leanúint do rogha a thabhairt do chliant. Tá tromlach na dtacaíochtaí teileashláinte seo ar fáil seacht lá sa tseachtain, agus cuireann roinnt díobh tacaíocht 24 uair an chloig ar fáil. Áirítear le seirbhísí seacht lá, YourMentalHealth.ie, an líne faisnéise 1800 111 888, an líne theachtaireachtaí téacs géarchéime 50808 agus tacaíochtaí ar líne do chomhpháirtithe eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tháinig méadú ar an méid daoine a bhain leas as na seirbhísí seo i rith COVID-19.
- Leanadh le Cláir Chliniciúla Náisiúnta a fhorbairt in 2021, iad siúd ina measc do Neamhoird Itheacháin, Luath-Idirghabháil i Seirbhísí Síocóis agus Sainseirbhísí Imbheirthe agus leanadh le tacaíochtaí cosúil le Teiripí Cainte, Teiripe Chognaíochta agus Iompraíochta (CBT) agus comhairleoireacht a fhairsingiú.

CÚRAM SÓISIALTA

- Foilsíodh athbhreithniú idirnáisiúnta fianaise a choimisiúnaigh an Bord Taighde Sláinte maidir le 'Bandaí Cúraim a nascadh le leithdháileadh acmhainní do thacaíocht baile agus cúram cónaithe fadtéarmach' in Iúil 2021.
- Foilsíodh tuarascáil a choimisiúnaigh an ITES ar 'Éileamh ar an Scéim Cúraim Baile Scéim Reachtúil' (Demand for the Statutory Home Care Scheme) i Márta 2021.

- Fuarthas faomhadh an Rialtais in Aibreán 2021 chun an scéim ghinearálta agus cinn bille chun creat ceadúnaithe do sholáthraithe tacaíochta baile a dhréachtú.
- Síniódh an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranais (Leasú), 2021 isteach sa dlí an 22 Iúil 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Deireadh Fómhair. Mar gheall ar an athrú, ar a dtugtar, “an chaidhp trí bliana”, ní chuirtear feirm theaghlaigh nó gnólacht teaghlaigh san áireamh a thuilleadh sa mheasúnú i ndiaidh go raibh an cónaitheoir i gcúram ar feadh trí bliana, chomh fada agus go sásaítear coinníollacha áirithe. Tacaíonn seo le feirmeacha agus gnólachtaí teaghlaigh a aistriú idir glúnta, agus méadaíonn sé inbhuanaitheacht fiontair bheaga teaghlaigh. Chuir an tAcht síneadh freisin leis an gcaidhp trí bliana go gcuirfí i bhfeidhm í freisin ar fháltais díola áite cónaithe príomha. Tá súil leis go gcuirfear áiteanna cónaithe folmha ar ais ar an margadh tithíochta dá bharr seo, a chabhraíonn leis an soláthar tithíochta trí chéile a mhéadú.
- In ainneoin phaindéim COVID-19, meastar gur seirbhís bhunriachtanach iad seirbhísí míchumais agus lean siad de bheith ar oscailt i rith 2021. Ar aon dul le treoirínte sláinte poiblí, áfach, laghdaíodh an toilleadh i bhformhór na limistéar.
- Forbraíodh bealaí nua agus nuálacha chun seirbhísí lae a sholáthar do dhaoine fásta faoi mhíchumas lena cheadú do dhaoine faoi mhíchumas leanúint d’idirghníomhú leis an bpobal i gcoitinne agus de pháirt a ghlacadh ann.
- Leanadh de sheirbhísí Cúnaimh Phearsanta agus Tacaíochta Baile a oibriú, agus sháraigh siad spriocanna soláthair.
- Baineadh 135 duine faoi mhíchumas ó láithreacha comhchónaithe chuig áiteanna cónaithe níos cuí sa phobal, a chiallaíonn gur fhan níos lú ná 1,600 duine i láithreacha comhchónaithe, in aghaidh breis agus 4,000 duine a sainaithníodh i dtosach.
- Aistríodh 14 dhuine níos óige ná 65 bliain d’aois, ar an iomlán, a cuireadh go míchuí i dteach altranais, chuig áit chónaithe nua sa phobal.
- Soláthraíodh ceithre ionad nua faoisimh, agus bhí cúig cinn níos mó le hoscailt go luath in 2022.
- D’fhág 1,368 duine fásta óg faoi mhíchumas an scoil agus d’iontráil siad seirbhís lae, rinne siad áit a iarchur, nó d’iontráil siad cúrsa oiliúna athshlánúcháin.
- Leithdháileadh 100 post forbartha in 2021 ar na 91 Foireann Míchumais de chuid an Líonra Leanaí. Leithdháileadh 85.49 post breise i Meitheamh 2021 chun na seirbhísí ionscoile a chosaint a soláthraíodh i roinnt scoileanna speisialta. Leithdháileadh na poist seo ar na príomhghníomhaireachtaí ábhartha le haghaidh earcaíochta. Bhí 54 de na poist líonta ag deireadh mhí na Nollag 2021 agus bhí ardchéim earcaíochta bainte amach ag 46 ceann breise.
- Seoladh Creat Oideasaithe Shóisialta FSS in Iúil 2021, a mhéadaigh an líon iomlán suíomhanna oideasaithe shóisialta atá cistithe ag FSS (atreorú pobail) fud fad na tíre aníos go dtí 31 suíomh.

SLÁINTECARE

Léiríonn an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh athchóirithe ar Sláintecare a sholáthar in 2021, agus dúshlán gan choinne phaindéim leanúnach COVID-19 agus an cibearionsaí mór a rinneadh ar na seirbhísí sláinte san áireamh, an tiomantas agus an treallús laistigh den Roinn Sláinte agus in FSS don chlár uailmhianach athchóirithe seo a bhaint amach.

I measc roinnt de na mórreachtaí a baineadh amach i rith 2021, tá:

- Rinneadh **42 leaba chúraim chriticiúil, 813 leaba ghéarmhíochaine agus 73 leaba fo-ghéarmhíochaine** a chistiú go hiomlán agus a oscailt in 2020/2021.
- Bhí 147 **Ionad Cúraim Phríomhúil** i bhfeidhm; osclaíodh 9 gcinn in 2021 agus bhí 28 ceann breise á dtógáil
- D'éascaigh **Ciste Lánpháirtíochta Sláintecare** tástáil agus measúnú ar shamhlacha nuálacha cúraim, rinneadh 106 as 123 tionscadal a phríomhshruthú faoi dheireadh 2021. Ar an iomlán, laghdaíodh an líon atreoruithe faoi 15,370, seachnaíodh 18,914 lá leaba ghéarmhíochaine agus baineadh 8,268 othar as liostaí feithimh de bharr na dtionscadal seo.
- **Áiteanna Cónaithe Aoisbháúla** - tá mar chuspóir ag clár nuálach, atá cistithe ag Sláintecare agus a sholáthraíonn an rialtas áitiúil go díreach trína sheirbhís chomhroinnte de chuid Aoisbhá Éireann, daoine breacaosta a chumasú leanúint de chónaí ina n-áiteanna cónaithe nó in áit chónaithe is fearr a oireann dá riachtanais. Fuair an clár seo breis agus 800 atreorú i rith 7 mí, thug sé faoi 630 cuairt measúnaithe ar áiteanna cónaithe, agus thug sé 1,295 idirghabháil chun cinn do dhaoine breacaosta.
- **Rochtain DG ar Dhiagnóisic** – cuireadh an scéim um Rochtain Dhíreach ag DGanna ar Dhiagnóisic i bhfeidhm go beo in Eanáir 2021, a sholáthair rochtain do DGanna ar scanadh raideolaíochta trí roinnt soláthraithe príobháideacha. Tugadh faoi bhreis agus 138,000 tástáil raideolaíochta sa phobal in 2021, a laghdaigh an brú ar sheirbhís ospidéil géarmhíochaine.
- **Tacaíocht Baile** - Soláthraíodh thart ar 20.5 milliún uair an chloig in 2021 do bhreis agus 55,000 duine ar cuireadh an tseirbhís ar fáil dóibh. Is ionann seo agus thart ar 2.9 milliún (17%) níos mó uair an chloig i gcomparáid le 2020.
- **Plean Gníomhaíochta an Liosta feithimh** - D'éascair laghdú 5.4% ar liostaí feithimh foriomlána anuas ó 760,700 go 720,056 as an bplean gearrthéarmach (Meán Fómhair-Nollaig 2021), agus bhí seo ar aon dul leis an sprioclaghdú.
- Bunaíodh **49 Líonra Cúraim Sláinte Pobail (LCSPanna)**, 15 shainfhoireann um Dhaoine Breacaosta agus dhá fhoireann um Bainistiú Galair Ainsealaigh agus rinneadh bailí iad ó thaobh cúrsaí oibríochtúla, agus baineann rithábhacht leo ó thaobh cúram pobail breisithe a sholáthar.
- D'fhaomh an rialtas **Straitéis Náisiúnta Cúraim Shiúlaigh Roghnaigh** Sláintecare, a athróidh an bealach is féidir socrú níos fearr a dhéanamh ar ghnáthaimh sceidealaithe, máinliacht, scanadh agus seirbhís d'othair sheachtracha le toilleadh níos mó a chinntiú amach anseo agus cabhróidh sé le dul i ngleic le liostaí feithimh trí Ospidéal Roghnacha thiomnaithe aonair a sholáthar i gCorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath a fhreastalaíonn ar a mhéid le 977,000 gnáthamh gach bliain.
- Bunaíodh **Grúpa Comhairleach Limistéir Sláinte Réigiúnacha (LSRanna)**, ar a ndearna an tUasal Leo Kearns cathaoirleacht, le tacaíocht agus treoir a sholáthar don Roinn Sláinte agus FSS maidir le pleanáil don aistriú seo. Cinnteoidh na sé LSR go ndéantar seirbhísí ospidéil, pobail agus cúraim sláinte phríomhúil a ailíniú ar leibhéal réigiúnach, bunaithe ar dhaonraí sainithe agus ar a riachtanais áitiúla. Baineann páirt lárnach leis seo i dtaobh fíis Sláintecare, seirbhís chomhtháite sláinte agus cúraim shóisialta, a sholáthar.
- Foilsíodh **Tuarascáil Chruthúnais Coincheapa an Bharda Fhíorúil Pobail** (an BFP) i Meitheamh 2021. Oibrítear an BFP cosúil le barda ospidéil, ach cuirtear cúram ar fáil go fíorúil in áit chónaithe féin an othair.
- Thug an Roinn faoi Mheasúnú Dírithe Beartais ar '**Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú: Anailís ar chaiteachas agus feidhmíocht i limistéar na mí-úsáide drugaí agus alcóil**' mar chuid den athbhreithniú meántearma ar an straitéis.

CAIBIDIL 3

TEACHT AR CHÚRAM SLÁINTE A DHÉANAMH NÍOS COTHROIME AGUS NÍOS TAPÚLA

Tá an Roinn tiomanta do phrionsabal na sláinte agus an chúram shóisialta bunaithe ar ghá, seachas ar chumas íoctha. Tá seo bunaithe ar chur chuige uilechórais chun tacú le torthaí sláinte níos fearr tríd an gcúram ceart a sholáthraítear san áit cheart, ag an am ceart, a théann i ngleic le neamhionannas bunúsach sláinte. Tugtar cuntas thíos ar éachtaí agus ar eolas sa limistéar seo ó 2021 thíos.

SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL GÉARMHÍOCHAINÉ

Ba ghá díriú go tréan ar thoilleadh cúraim chriticiúil a bhainistiú i rith 2021 agus, ach go háirithe, i rith thríú ráig phaindéim COVID-19. Rinne an Roinn Sláinte idirchaidreamh leanúnach le FSS lena chinntiú go bhféadfadh na hothair go léir ónar theastaigh cúram criticiúil é á fháil, trí úsáid a bhaint as acmhainneacht borrrha, agus othair a aistriú idir ospidéal ag na Seirbhísí Aisghabhála Cúraim Chriticiúil ina measc sin. Cé gur thréimhse fhíordhúshlánach í seo don phobal cúraim chriticiúil, ba é toradh na hoibre seo nach raibh aonaid chúraim chriticiúil faoi bhrú ollmhór, faoi mar a tugadh faoi deara i roinnt tíortha eile.

D'aithin Éire easnamh i dtoilleadh cúraim chriticiúil roimh an bpaindéim. Soláthraíodh cistiú €52 milliún in 2021 chun cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh um Chúram Criticiúil a chur chun cinn. Osclaíodh 42 leaba bhreise chúraim chriticiúil, ar an iomlán, ar bhonn buan in 2021, a cheadaigh don toilleadh náisiúnta méadú aníos ó 255 leaba go luath in 2020 go 297 leaba faoi dheireadh 2021. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 18 leaba ar an toilleadh cúraim chriticiúil idir 2017 agus 2019.

D'oscail an tAire Donnelly Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ) i dTamhlacht go hoifigiúil i Samhain 2021. Seo an dara ceann de dhá ionad satailíte san ospidéal nua na leanaí (an ONL), SLÉ ag Ospidéal Uí Chonghaile, tar éis gur osclaíodh é in Iúil 2019. Príomh-gharsprioc eile i dtionscadal an ONL a bhí in Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ) ag Tamhlacht a oscailt, chomh maith leis na hathchóirithe gaolmhara a rinne ospidéal amháin de thrí ospidéal leanaí, a rinne saineolas agus sármaithreas thaighde a chomhdhlúthú leis na torthaí is fearr do na leanaí na hÉireann a chinntiú. I measc na seirbhísí atá ar tairiscint anois san fhoirgneamh nua, tá Aonad Cúraim Éigeandála 24/7, clinicí péidiatraice ginearálta, clinicí néaraimhíchumas agus néaraforbartha agus raideolaíochta, agus athlonnaíodh aonaid sainteiripe do leanaí freisin chuig na háiseanna nua seo a tógadh le sainchuspóir.

CÚRAM SCEIDEALAITHE

Rinne an Roinn an Plean Gníomhaíochta Liosta Feithimh gearrthéarmach (Meán Fómhair-Nollaig 2021) a chur i bhfeidhm, a forbraíodh i gcomhar le FSS agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (an CNCC) leis an tionchar a d'imir an phaindéim agus an cibearionsaí a rinneadh i mBealtaine 2021 ar FSS ar othair a bhí ar an liosta feithimh a laghdú. Foilsíodh é an 7 Deireadh Fómhair 2021 agus dhírigh sé ar chúig limistéar:

- An liosta feithimh a bhainistiú.
- Toilleadh láithreach a sholáthar sa chóras cúraim sceidealaithe.
- Conairí cúraim othair a fheabhsú agus a nuachóiriú.
- An réiteach a dhéanamh chun spriocanna tréimhse feithimh uasta a thabhairt isteach.
- Sonraí agus faisnéis a fheabhsú.

Laghdaigh an Plean Gníomhaíochta Liosta Feithimh gearrthéarmach liostaí feithimh le haghaidh cúram sceidealaithe géarmhíochaine faoi 5.4%, anuas ó 760,700 duine ar liostaí feithimh gníomhacha i Meán Fómhair 2021 go 720,056 i mí na Nollag 2021, ar laghdú breis agus 40,000 othar é seo a bhí ar liostaí feithimh.

CÚRAM NEAMHSCEIDEALAITHE

- Tugadh méadú faoi deara in 2021 ar ghníomhaíocht i Rannóga Éigeandála (an RÉ) i ndiaidh gur tháinig laghdú ar fhreastal in 2020 mar gheall ar Covid, agus tháinig 11.3% aníos go dtí 1,266,888 duine, ar na leibhéil freastail in 2020 (1,138,288). Bhí seo 6.1% ní b'ísle ná an leibhéal freastail in 2019 (1,348,999).
- B'ionann an freastal don aoisghrúpa níos sine ná 75 bliain d'aois in 2021 agus 167,313, ar méadú 9.6% é seo ar 2020 (152,629) agus laghdú 0.8% ar 2019 (168,725).
- Leagadh amach i bPlean an Gheimhridh don bhliain 2020/21 cur chuige a chothabháil seirbhísí COVID-19, agus cuireadh brúnna an gheimhridh san áireamh ann agus sholáthair sé leanúnachas seirbhísí nár bhain le COVID-19. Dhírigh an Plean ar phríomhchuspóirí lena mbaineann an RÉ a sheachaint, sreabhadh níos fearr othar agus an t-ospidéal a fhágáil. Chuir sé uaireanta breise tacaíochta baile, tacaíochtaí DG lasmuigh d'uaireanta, leapacha cúraim idirthréimhsigh, tacaíochtaí diagnóisice géarmhíochaine agus tionscnaimh phobail ar fáil.
- Soláthraíodh cistiú €1.1 billiún i mBuiséad 2021 le toilleadh leapacha ospidéil a mhéadú, seirbhísí a mhéadú agus tacú le hathchóiriú. Mar chuid de seo, rinneadh gealltanais 1,146 leaba bhreise bhuan othair chónaitheacha ospidéil géarmhíochaine agus 73 leaba bhuan fo-ghéarmhíochaine a sholáthar, anuas ar an líon a bhí ar fáil an 31 Nollaig 2019. Mhéadaigh seo toilleadh an chórais ospidéil géarmhíochaine chun freastal ar an éileamh ar ghéarchúram atá ag dul i méid. Bhí 813 leaba bhreise ghéarmhíochaine, agus 73 leaba fo-ghéarmhíochaine curtha ar fáil faoi dheireadh 2021.
- Infheistíodh €77 milliún i bPlean Geimhridh 2021/22 chun cúram cuí sábháilte agus tráthúil a sholáthar d'othair agus chun brúnna an gheimhridh agus an dúshlán breise a chruthaigh láithreach COVID-19 a chur san áireamh.

AN TSEIRBHÍS NAÍSIÚNTA OTHARCHARRANNA

Rinne an Roinn maoirseacht ar an tacaíocht bhunriachtanach a thug an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (an SNO) go leanúnach i dtaobh paidéim COVID-19 a chomhrac, agus a gnáthsheirbhís freagartha éigeandála á cur ar fáil i gcomhthráth. Áiríodh leis seo tabhairt faoi thart ar 1.6 milliún tástáil COVID-19 i roinnt suíomhanna éagsúla, suíomhanna cúraim chónaithe, príosúin agus monarchana san áireamh. Imlonnaíodh an SNO chomh maith go láithreacha timpeall na tíre le preabchlinicí tiomnaithe tástála a bhunú chun dul i ngleic le ráigeanna móra áitiúla an ghalair pé áit ar tharla siad.

- Thacaigh an SNO le clár vacsaínithe FSS a thabhairt isteach, agus riar sé thart ar 18,000 vacsaíniú in 2021. Bhain vacsaínithe a riar i suíomhanna cónaithe agus clinicí sealadacha vacsaínithe a bhunú leis seo.
- Thacaigh an Roinn leis an SNO trí chistiú €10 milliún a leithdháileadh ar fhorbairtí straitéiseacha nua seirbhíse in 2021. Chuir seo ar chumas an SNO foireann bhreise a earcú chun feabhas a chur ar a chumas tionscnaimh pobail chun freastal ar ospidéal a laghdú agus eispéiris othar a fheabhsú san fhadtéarma. Chuir Conairí Cúraim Mhalartaigh an SNO cóir leighis ar 18,140 othar, ar an iomlán, i rith 2021, ar cuireadh cóir leighis ar bhreis agus 44% díobh i suíomh baile nó pobail agus nár ghá iad a thabhairt chun ospidéil dá bharr.

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA MÁITHREACHAIS

Leanadh ar aghaidh i rith 2021 le seirbhísí máithreachais a oibriú go hiomlán, agus chuir siad cúram ardchaighdeán ar fáil ar bhonn 24/7 agus mná, naíonáin, agus foireann á gcosaint acu i gcomhthráth ó COVID-19. D'éirigh go geal le seirbhísí máithreachais ina leith sin, i gcúinsí a bhí an-dúshlánach go minic, agus a bhí an-éagsúil ag brath ar athruithe ar riar cásanna, castacht agus bonneagar i ngach aonad aonair. Rinneadh roinnt athruithe ar conas a soláthraíodh seirbhísí, agus sholáthair roinnt aonad/ospidéal níos mó seirbhísí i suíomh pobail agus tugadh faoi chinn eile i gclinicí fíorúla.

- Leanadh den Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016-2026) a chur i bhfeidhm, agus díriodh ar an gconair chúraim lena dtacaítear i measc seirbhísí máithreachais a fhairsingiú go leanúnach. Rinneadh seirbhísí cnáimhseachais pobalbhunaithe a fhorbairt breise, lena n-áirítear cúram breise iarbheithe agus seirbhísí luathastrithe abhaile san áireamh. Bhí clinicí faoi stiúir cnáimhseachais i ngach ceann de na 19 n-aonad máithreachais agus bhí 24% de mhná curtha in áirithe ar an gconair chúraim le tacaíocht.
- B'ionann cistiú forbartha €12 mhilliún a soláthraíodh i mBuiséad 2021 do sheirbhísí máithreachais agus gínéiceolaíochta agus infheistíocht an-mhór, a chabhraigh lena chinntiú gur leanadh den Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm chomh maith le seirbhísí feabhsaithe gínéiceolaíochta go náisiúnta.
- Rinne an €7.3 milliún a leithdháileadh chun an Straitéis Náisiúnta Máithreachais a thabhairt chun cinn 96.5 Coibhéis Lánaimseartha (CLAanna) breise a sholáthar do sheirbhísí máithreachais, a d'fheabhsaigh teacht ar shainseirbhísí, seirbhísí cnáimhseacha, inchríneolaíochta, paiteolaíochta imbhreithe nua-naíochta, agus peirínim san áireamh, anuas ar fheabhas a chur ar theacht ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí comhghaolmhara gairmithe sláinte.
- Foilsíodh an plean um chur i bhfeidhm leasaithe don Straitéis Náisiúnta Máithreachais, agus rinneadh 86% de ghníomhartha a chríochnú nó bhí a gcuid spriocanna críochnaithe á mbaint amach acu.
- Forbraíodh seirbhís náisiúnta MRI féatais agus bunaíodh grúpa forbartha treoirlínte cliniciúla náisiúnta don obstatraic agus don ghínéiceolaíocht.
- Bunaíodh an Fhoireann Tacaíochta Teagmhais Chnáimhsigh nua in 2021 agus tá sí dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht droch-athbhreithnithe teagmhais agus próiseas náisiúnta a chruthú chun foghlaim a roinnt.
- Bhí ardchleachtóirí cnáimhsí i láthair i ngach ceann de na 19 seirbhísí mháithreachais, agus cistíodh sé cinn bhreise in 2021.
- Bhí luathastríú abhaile á chur ar fáil ag 15 sheirbhísí mháithreachais in 2021 agus bhí seomraí 'Baile as Baile' á gcur ar fáil ag 12 sheirbhísí mháithreachais, a d'éascaigh breith i seomraí saolaithe nach bhfuil chomh cliniciúil céanna.
- Bhí sainchomhairleoirí lachta i bhfeidhm i ngach ceann de na 19 seirbhísí mháithreachais, agus bhí CLA 7.5 díobh seo cistithe ag cistiú a soláthraíodh don Chlár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán (NWIHP) in 2021.

FORBAIRTÍ AR AN TSEIRBHÍS GHÍNÉICEOLAÍOCHTA

Rinne an €4.7 milliún a leithdháileadh ar fhorbairtí a bhain leis an tseirbhís gínéiceolaíochta soláthar don mhéid seo a leanas:

- 9 gclinic gínéiceolaíochta siúlaí "cas agus cóir" a fhorbairt timpeall na tíre, mar chuid den tSamhail Chúraim Gínéiceolaíochta Siúlaí a chur i bhfeidhm go leanúnach.

- An dá Mhol Torthúlachta Réigiúnach eile i nGaillimh agus san Aonach a bhunú (faoi rialachas Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach), a éascóidh Céim a hAon den tSamhail Chúraim Neamhthorthúlachta a thabhairt isteach.
- Sainseirbhísí ildisciplíneacha do mhná atá thíos le castachtaí mogaill a oscailt ar fud dhá láithreán ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, tar éis go ndearnadh moltaí i dTuarascáil 2018 an POL maidir le Mogall Uraighnéiceolaíoch a Úsáid i nGnáthaimh Mháinliachta.

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA TRÁMA

Cheadaigh an rialtas in Aibreán 2021 Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (MMUH) a ainmniú mar an Lárionad Mórthráma don Líonra Tráma Láir, agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ospidéal Ollscoile Thamhlachta mar na hAonaid Tráma do Bhaile Átha Cliath. Fógraíodh freisin go n-ainmneofaí Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) mar an Lárionad Mórthráma do Líonra Tráma an Deiscirt a luaithe agus a shásófaí sonraíochtaí na seirbhíse a mholtar.

B'ionann na forbairtí seo agus céim ríthábhachtach i gcóras náisiúnta tráma d'Éirinn a fhorbairt. Soláthróidh an Lárionad Mórthráma na sainseirbhísí uile a bhaineann le cúram an mhórthráma, óna n-eascróidh torthaí níos fearr d'othair a gortaíodh go dona. Soláthróidh na hAonaid Tráma cúram tráma do chásanna nó d'othair a gortaíodh ach nach cás níos casta iad a meastar go mbaineann ríthábhacht leo ó thaobh ama de agus nuair nach féidir iad a aistriú chuig an Lárionad Mórthráma laistigh den amfhráma riachtanach.

SEIRBHÍSÍ AILSE

Rinneadh éachtaí nach beag i measc Seirbhísí Ailse i rith 2021, an méid seo a leanas ina measc:

- Rinne an Roinn maoirseacht ar chúram ailse a sholáthar go leanúnach i rith phaindeim COVID-19, agus leanadh de chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Ailse 2017-2026 a chur chun cinn. Tháinig méadú ar fhreastal ar Chlinicí Mear-Rochtana (ailse chíce, scamhóg agus phróstataigh) aníos go 102% i gcomparáid le leibhéal roimh Covid (2019) agus bhí Oinceolaíocht Radaíochta ag oibriú ar leibhéal 87%, bhí Oinceolaíocht Leighis ag oibriú ar leibhéal 95% agus bhí Oinceolaíocht Mháinliachta ag oibriú ar leibhéal 96% os cionn leibhéil 2019.
- D'oibrigh an Roinn agus Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse FSS (an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse) go comhoibritheach le haghaidh a thabhairt ar thionscnaimh choiscthe faoin Straitéis Náisiúnta Ailse, acmhainní ailse scamhóg a bhrath go luath d'oibríthe sláinte pobail agus feachtas um fheasacht phoiblí ar na meáin shóisialta a tosaíodh i nDeireadh Fómhair 2021 san áireamh.
- Lena chinntiú go soláthraítear cúram go leanúnach a ghairne don bhaile agus is féidir, d'oibrigh an Roinn agus a contrapháirteanna i dTuaisceart Éireann go comhoibritheach lena chinntiú gur leanadh de sheirbhísí radaiteiripe a sholáthar d'othair san Iarthuaisceart ag Ionad Ailse an Iarthuaiscirt ag Allt Mhic Dhuibhleacháin. Cuireadh cóir leighis ar 253 othar a raibh cónaí sa stát orthu in Allt Mhic Dhuibhleacháin in 2021, ar méadú é seo aníos ó 200 othar in 2020.
- D'oibrigh an Roinn agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse faoin Straitéis Náisiúnta Ailse le hOspidéal San Séamas chun ardseirbhísí teiripe T-cheall le gabhdóir ciméarach aintaiginí (CAR-T) a aisdúichíú a chinntigh nach gá d'othair taisteal thar lear a thuilleadh don chóir leighis seo.
- Rinne an Roinn ionadaíocht d'Éirinn i gComhghníomh Eorpach faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa le Líonraí Cúraim Chuimsitheach Ailse a fhorbairt ar fud an AE (CraNE). Tá seo ar aon dul le líonraí cuimsitheacha ailse a fhorbairt, faoi mar a shamhlaítear faoin Straitéis Náisiúnta Ailse.

- Chas an Coiste Comhairleach d’Othair Ailse, a bunaíodh ar aon dul le Moladh 39 den Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026, ar a chéile ceithre huaire in 2021. Chuir an Coiste ionchur othar ar fáil isteach sa mhaoirseacht a dhéantar ar an Straitéis a chur i bhfeidhm agus ar chlár a fhorbairt d’othair a bhfuil ailse orthu. Bhreithnigh an Coiste freisin conas is féidir ionchur othar isteach i seirbhísí ailse a éascú ar aon dul, tríd is tríd, le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Ailse.

DEONÚ AGUS TRASPHLANDÚ ORGÁN

- Rinne an Roinn soláthar do Mháinlia Comhairleach a earcú don tSeirbhís Náisiúnta Trasphlandaithe Duán agus do Lia Comhairleach Riospráide agus Transphlandaithe Scamhóg chun feabhas a chur ar shainseirbhísí d’othair thrasphlandaithe fiobrúise cistí.
- Rinne an Roinn soláthar don tSeirbhís Histeapaiteolaíochta agus Imdhíoneolaíochta chun deontóirí orgáin thar lear a éascú agus chun tuarascáil ar chóras Iniúchta Deontóirí Féideartha a chur le chéile.
- Chistigh an Roinn 5 Altraí CLA Obrádlainne bhreise chun seirbhís 24/7 a sholáthar, a sheachain seirbhísí ospidéal eile a chealú, agus a cheadaigh an tSeirbhís Náisiúnta Aisghabhála Orgáin Bhoilg a fhairsingiú.
- Chistigh an Roinn 4 Altra Bainisteora Deontóir Orgáin CLA bhreise, a d’fheabhsaigh an soláthar foirne agus an bonneagar reatha deontóirí orgáin.

SÁBHÁILTEACHT OTHAR

- Chomhfhóilsigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara dara *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2021-2025* na hÉireann, ar a dtugtar *iNAP2*, an 18 Samhain 2021. Is é *iNAP2* an plean a tháinig in ionad *an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2017-2020* na hÉireann, ar a dtugtar *iNAP1*.
- Cuireann *iNAP2* le foghlaim agus dul chun cinn *iNAP1* agus áirítear leis foghlaim ó na hÉigeandálaí Enterobacterale Táirgthe Carbaipeineamáise (CPE) agus Sláinte Poiblí COVID-19.
- Glacann an dá phlean na *iNAP* le cuspóirí straitéiseacha *Sláinte Amháin* agus tagann siad leis na cúig Chuspóir Straitéiseacha faoi mar a dtugtar cuntas air i *bPlean Gníomhaíochta Domhanda an EDS (2015)* agus le riachtanais *an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (FFM)* a foilsíodh in 2017.
- Áirítear le *iNAP2* 90 gníomh a bhaineann go sonrach le sláinte an duine anuas ar 15 Gníomh de chuid *Sláinte Amháin* i measc earnálacha sláinte an duine agus na n-earnálacha sláinte ainmhithe agus comhshaoil. Cur chuige comhoibritheach é *Sláinte Amháin*, a oibríonn ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, agus domhanda leis na torthaí is fearr a bhaint amach ó thaobh sláinte agus folláine, agus an t-idircheangail idir daoine, ainmhithe, plandaí, a dtimpeallacht chomhroinnte á n-aithint. Aithnítear cur chuige *Sláinte Amháin* go hidirnáisiúnta mar dhea-chleachtas chun dul i ngleic le FFM.

Foilsíodh Treoirínte Cliniciúla Náisiúnta seo a leanas de chuid an Choiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (an NCEC):

- Uimh. 26 Bainistíocht Seipsise do Dhaoine Fásta (máithreachas san áireamh).
- Uimh. 27 Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD) a Bhainistiú.
- Tuarascáil Bhliantúil an Chórais Náisiúnta um Cháilíocht Cúraim Sláinte a Thuairisciú 2020.

CÚRAM PRÍOMHÚIL

- Tionscnamh Liosta Feithimh Síceolaíochta Cúraim Phríomhúil a fhorbairt agus cistiú a sholáthar dó a dhíríonn ar leanaí agus daoine óga.
- Tá Scéim Cúraim Sláinte Pleanáilte Thuaisceart Éireann á hoibriú go héifeachtach ón 1 Eanáir 2021. Cuireann an scéim nua ar chumas daoine a chónaíonn sa Stát teacht ar chúram sláinte príobháideach agus aisíocaíocht a fháil ó FSS don chúram sin a fuair siad i dThuaisceart Éireann, chomh fada agus a bhíonn an chúram sláinte sin ar fáil laistigh d'Éirinn.

CervicalCheck

- Bhí 166 as 170 gníomh a d'eascair as Fiosrúchán Scoípe an Dr Scally ar Chlár Scagthástála CervicalCheck tugtha chun críche ag deireadh 2021.
- Tugadh tacaíocht do thionscadal laistigh den tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta (an SSN) le cabhrú le Éirinn an aidhm a bhaint amach lena mbaineann deireadh a chur le hailse cheirbheacs agus tá tionscnamh comhoibrítheach á chur chun cinn anois ag an Roinn idir an SSN agus an Roinn agus an EDS/Gníomhaireacht Idirnáisiúnta an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse chun treoir dhea-chleachtais a fhorbairt a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs, iniúchadh agus cumarsáid san áireamh.
- In ainneoin dhúshláin phaindéim Covid-19, oibríodh clár CervicalCheck mar ba ghnách agus bhí na cuirí a tugadh chun freastal ar scagthástáil cothrom le dáta. Faoi dheireadh 2021, rinne an clár scagthástáil ar an líon céanna daoine a rinne in aon tréimhse dhá bhliain eile.

BreastCheck

- In ainneoin an iomaí srian mar gheall ar COVID-19, bhain an tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta an ráta uasta cuirí amach chuig scagthástáil atá comhoiriúnach do mheasúnú leantach sábháilte agus rialaithe agus do thoilleadh cóireála laistigh den tseirbhís sláinte.
- Cuireadh síneadh ar BreastCheck i bhfeidhm dóibh siúd 69 bliain d'aois, agus thug an clár cuireadh do mhna 69 bliain d'aois chun freastal ar scagthástáil.

An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitíní do Dhiaibéitigh (Diabetic RetinaScreen/DRS)

- Mhol an LASN an DR- a mhionathrú in 2020 chun an t-eatramh a shíneadh idir scagthástálacha ó bhliain amháin go dhá bhliain i measc daoine a bhfuil diaibéiteas orthu a bhfuil baol íseal rompu i leith reitineapaite, ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Tá an chonair scagthástála dhá bhliain i bhfeidhm anois agus leanfaidh thart ar 85% díobh siúd a ndearnadh scagthástáil orthu ar an gconair 2 bhliain.

Scagthástáil Phutóige (BowelScreen)

- In ainneoin srianta leanúnacha COVID-19, bhí cásanna á sceidealú ag gach aonad BowelScreen, cé go ndearnadh amhlaidh ar bhonn toilleadh laghdaithe, agus rinne ionfhoinsiú seo a fhuascailt.
- Méadaíodh an líon colpascópachta a soláthraíodh trí thoilleadh breise a fhorbairt in aonaid reatha agus nua.
- Tugadh tús áite do chuirí chun freastal ar scagthástáil phutóige bunaithe ar an tréimhse feithimh is faide agus ar iontrálaithe nua chuig an gclár scagthástála.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIRSHLÁINTE

- Leithdháileadh €10 milliún breise ar bhonn aonuaire chun tacaíocht bhreise a thabhairt don earnáil mheabhairshláinte. Soláthraíodh €1 milliún de seo do MyMind le leanúint de sheisiúin chomhairleoireachta saor in aisce a sholáthar, i mbreis agus 15 theanga, do chliant ar imir paidéim COVID-19 tionchar diúltach orthu.
- Chun inrochtaineacht ar sheirbhísí meabhairshláinte a oiriúnú agus a fheabhsú, d'éirigh le FSS agus go leor dá chomhpháirtithe cistithe arb eagraíochtaí neamhrialtasacha iad roghanna nua digiteacha a thabhairt chun cinn ní ba thapúla, tacaíochtaí nuálacha ar líne, teachtaireachtaí téacs agus gutháin ina measc. Tá go leor díobh seo á bhforbairt ar feadh roinnt ama, mar chuid den réimse tionscnaimh dhigiteacha mheabhairshláinte atá ar bun in FSS.
- Críochnaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí nua a thógáil, lena n-áirítear Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar nua.
- D'fhaomh an rialtas Scéim Ghinearálta Bille leis an Acht Meabhair-Shláinte a leasú agus foilsíodh é in Iúil 2021, tar éis gur caitheadh na blianta i mbun comhairliúchán forleathan le príomhpháirtithe leasmhara agus tar éis gur tugadh faoi chomhairliúchán phoiblí i Márta/Aibreán 2021. Foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán poiblí i nDeireadh Fómhair 2021.

CÚRAM SÓISIALTA

Rialaíonn Rialacháin um Ranníocaithe Cothabhála agus Cóiríochta i leith Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe (RSSMACanna) cé mhéid a ranníocann cónaitheoir i dtreo a gcothabhála agus a gcóiríochta i réimse suíomhanna, ionaid chónaithe san áireamh, sna hearnálacha Míchumais agus Meabhairshláinte. Braitheann formhór na gcónaitheoirí sna suíomhanna seo ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh dá n-ioncam.

Leasaíodh na Rialacháin seo i rith 2021 lena chinntiú nach mbeadh aon mhéaduithe ar ranníocáíochtaí d'aon duine ar athraigh a n-ioncam mar gheall go bhfuair siad méadú leasa shóisialaigh faoin mBuiséad i nDeireadh Fómhair 2021. Leasaíodh Rialacháin RSSMACanna chomh maith lena chinntiú gur cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm go cothrom ar gach cónaitheoir a bhfuil leibhéil chomhionanna ioncaim á bhfáil acu. Bhí an t-athrú seo sceidealaithe le cur i bhfeidhm ó thús 2022.

CÚRAM POBAIL

I measc na n-éachtaí a baineadh amach i rith 2021, tá:

- Tacaíochtaí sláinte a sholáthar do 218 duine a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, lena chur ar a gcumas maireachtáil i gcóiríocht a ndorais féin faoin gclár Tús Áite do Thithíocht.
- Seirbhísí sláinte pobalbhunaithe a sholáthar do dhaoine atá thíos leis an easpa dídine ar a scaoileadh amach ó Ospidéal San Séamas agus an NMUH.
- Foilsíodh athbhreithniú meántearma ar an straitéis náisiúnta drugaí agus sainaitheodh sé thosaíocht don tréimhse eile a bhí fanta idir 2021 agus 2025.

SLÁINTE BHAN

Cuireadh Ciste Sláinte Ban tiomnaithe ilbhliantúil €5 mhilliún ar fáil i mBuiséad 2021 chun clár gníomhartha a chur i bhfeidhm a eascraíonn as obair Thascfhórsa Sláinte na mBan, a bhunaigh an Roinn Sláinte chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte ban agus ar a n-eispéiris de chúram sláinte. Déantar clár a dtugtar tús áite dóibh do shláinte bhan a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta mar chuid de phróiseas an phlean gníomhaíochta.

Tionscnaimh lenar thacaigh Ciste Sláinte na mBan:

- Dhá chlinic gíniceolaíochta siúlaí “cas agus cóir” a bhunú ag Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh.
- An clinic inmheatróise ag Ospidéal Ollscoile Thamhlachta a fhairsingiú.
- Osclaíodh sainchlinic meanapáis ag an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais.
- Soláthraíodh acmhainní do phríomhghnéithe soláthair foirne na Samhla Náisiúnta Cúraim do Sheirbhísí Gíniceolaíochta Péidiatraí.
- Sainseirbhísí meabhairshláinte imbhreithe feabhsaithe.
- Ionad Urlár an Pheilbhis a fhairsingiú ag Ospidéal Naomh Mícheál.
- Post Ardchleachtóra san Altranais i ngíniceolaíocht shiúlach ag Ospidéal an Rotunda.
- Treoir Mhearthagartha ar an meanapás do DGanna agus Altraí Cleachtaidh.
- Oiliúint Acmhainní Daonna ar an meanapás trí Sheirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse.
- Sraith 6 sheimineár gréasáin eolais don phobal maidir le sláinte ghíniceolaíoch, inmheatróis, mífheidhmiú urlár an pheilbhis, an meanapás, gníomhaíocht choirp, agus meabhairshláinte.
- Seimineár gréasáin maidir leis ‘an Meanapás san Ionad Oibre’.

Foirceannadh Toirchis

Foilsíodh an Dara Tuarascáil Bhliantúil ar an Acht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil), 2018 i Meitheamh 2021. Cumhdaítear sa Tuarascáil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Tosaíodh an t-athbhreithniú ar Rialachán an Achta Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil), 2018 i mí na Nollag 2021, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 7 den Acht. Is éard atá san athbhreithniú ná cur chuige trí chuid chun breithmheas a thabhairt ar oibriú an Achta, agus díríonn na snáitheanna ar úsáideoirí seirbhíse, soláthraithe seirbhíse agus ar chomhairliúcháin poiblí. Beidh taighde neamhspleách a coimisiúnaíodh chun eolas a chur ar fáil do shnáitheanna an úsáideora seirbhíse agus soláthraithe seirbhíse mar chuid de phríomhghnéithe an athbhreithnithe. Cuirfear tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire lena breithniú go déanach in 2022 sula gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais í.

Tá an tseirbhís Mo Roghanna de chuid FSS saor in aisce do gach duine. Bíonn comhairleoirí gairmiúla taitheacha ar fáil chun caint leat faoi do roghanna uile, tacaíochtaí leanúnacha toirchis agus eolas san áireamh faoi sheirbhísí ginmhillte.

CÓGAIS

- Síníodh dhá Chreat-Chomhaontú nua ar Phraghsáil agus Soláthar Cógas 2021-2025 in 2021.
- B'ionann na comhaontuithe ilbhliantúla le Cumann Cúraim Sláinte na hÉireann don Chógaisíocht (an IPHA) agus Cógais d'Éirinn (MFI) agus céim thábhachtach chun costas cógas a laghdú agus teacht a éascú ar chógais nuálacha nua d'othair.
- Cuirfidh na margaí seo teacht Feabhsaithe ar fáil d'othair ar chógais nua agus nuálacha, laghduithe ar chostas cógas reatha agus le brú airgeadais a laghdú ar na seirbhísí sláinte amach anseo.
- Meastar gur cheart go gcuirfidh téarmaí na gComhaontuithe nua idir €600 milliún agus €700 milliún a chur i dtreo costas cógas i gcaitheamh shaolré na gComhaontuithe.

TEACHT AR THÁIRGÍ CANNABASBHUNAITHE D'ÚSÁID LEIGHIS

- Tús á chur ag FSS leis an gClár Rochtana ar Channabas Leighis agus táirgí cannabisbhunaithe a chur ar fáil lena n-úsáid sa chlár.
- Soláthraíodh 79 ceadúnas Aire do chliniceoirí chun cóir leighis a chur ar othair le táirgí cannabisbhunaithe.
- Bhí an Roinn freagrach as táirgí ordaithe cannabisbhunaithe a bhailiú agus a sholáthar go míosúil ó na soláthraithe san Ísiltír go dtí d'othair Éireannacha.

CAIBIDIL 4

MAOIRSEACT AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT SAN EARNÁIL A FHEABHSÚ

Tá an Roinn Sláinte freagrach as a chinntiú go bhfuil próisis, struchtúir rialachais agus creataí rialála i bhfeidhm san earnáil sláinte agus chúraim shóisialta, le maoirseacht éifeachtach a sholáthar. Oibríonn an Roinn i gcomhar le FSS agus lena ghníomhaireachtaí go léir le príomhstraitéisí agus príomhathchóirithe a sholáthar, trí mhonatóireacht agus bainistíocht láidir feidhmíochta san áireamh, ina ndírítear ar rialú agus torthaí airgeadais.

RIALACHAS AGUS FEIDHMÍOCHT

I measc na n-éachtaí a baineadh amach i rith 2021, tá:

- Cuireadh Rialachán (AE) 2017/745 ar fheistí leighis i bhfeidhm go náisiúnta.
- Bunaíodh Coiste Eitice Náisiúnta Taighde d'imscrúduithe cliniciúla ar fheistí leighis agus trialacha cliniciúla ar chógais.
- D'ordaigh an tAire FSS Sainghrúpa Comhairleach a bhunú maidir le Liomfóma Cill Mhóir Anaphlaistigh a bhaineann le hlonphlandú Cíche (BIA-ALCL).
- Leanadh leis an socrú rialachais idir an Roinn agus BACÉ in 2021 agus rinneadh 12 cheapachán le Bord BACÉ i mbliana, ina bhfuil 11 bhall ar éag a dtéarmaí agus folúntas ócáideach.
- Soláthraíodh croíchistiú €34,954,000 don Bhord Taighde Sláinte in 2021. B'ionann agus méadú é ar an gcroíchistiú €34,404,000 a soláthraíodh in 2020.
- Bhunaigh an BTS Bithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann ar iarraidh na Roinne Sláinte. Soláthraíodh cistiú €2 mhilliún don chuspóir seo.
- D'éascaigh an BTS rannpháirtíocht na hÉireann i dTriail Dlúthpháirtíochta COVID-19 an EDS. Soláthraíodh cistiú €1,658,642 don chuspóir seo.
- Achtaíodh reachtaíocht le Binse CervicalCheck a shíneadh chun go bhféadfadh sé leanúint d'éisteacht agus cinntí faoi éilimh a éascú ar bhealach tráthúil agus íogair.
- Leanadh le híocaíochtaí a dhéanamh le hiarratasóirí faoi Scéim Ex-Gratia Neamhnocha CervicalCheck.
- Rinneadh 28 íocaíocht maidir le diúltuithe an Aontais Chosanta Leighis, costais socraíochta, bille costas an ghearánaí, bille costas an chosantóra agus táillí cuntasáíochta costais dlí.
- Críochnaíodh tuarascáil ar an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh i measc 19 gcomhlacht faoi choimirce.
- Cuireadh trí cheardlann Rialachais Gníomhaireachta ar bun don fhoireann sa Roinn, a rinne acmhainn Rialachais agus mhaoirseachta a fhorbairt.
- Rinneadh thart ar 200 cheapachán le Boird Stáit faoi choimirce na Roinne.
- Forbraíodh togra maidir leis an Scéim Ex-Gratia Bás le linn Seirbhíse Covid-19, tar éis gur fhaomh an tAire é, agus scaipeadh é ar ranna rialtais eile i Meitheamh 2021. Rinne sé soláthar d'íocaíocht chnapshuime d'eastát aon oibrí cúraim sláinte a fuair bás tar éis gur tháinig Covid orthu i rith a gcuid oibre.

Creat Measúnaithe Feidhmíochta an Chórais Sláinte (an HSPA):

- Críochnaíodh Céim 1 den HSPA in 2021 i gcomhar leis na saineolaithe teicniúla ón Liachtlann Acadúil (Ollscoil Amstardam). Sholáthair seo creat dinimiciúil ina raibh cúig Bhraisle (Torthaí, Aschur, Próisis, Struchtúir agus Braisle Trasghearrthach). Tá 16 fhearann, 36 fofhearann agus 260 táscaire, ar an iomlán, laistigh de na Braislí seo.

- Ceadóidh an Creat measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais sláinte ina bhfuil táscairí intomhaiste agus inchainníochtaithe toradhbhunaithe ar féidir iad a nascadh le beartais agus straitéisí ábhartha sláinte. Cumasóidh sé beartas agus athchóiriú a chomhtháthú isteach i léargas foriomlán ar fheidhmíocht don chóras sláinte a cheadóidh cinní faoi bheartas sláinte atá curtha ar an eolas níos mó ag fianaise a dhéanamh.
- Thit seoladh fíorúil amach an 10 Meán Fómhair 2021 agus bhí glacadh maith leis i measc páirtithe leasmhara. Is féidir teacht ar ábhar níos mionsonraithe ar chreat an HSPA ar gov.ie¹¹
- Lean an Roinn le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht FSS in 2021 tríd an tsamhail rannpháirtíochta feidhmíochta lenar comhaontaíodh idir an Roinn Sláinte agus FSS a chur i bhfeidhm. Déantar soláthar sa tsamhail do chruinnithe míosúla ar leibhéal éagsúla idir an Roinn agus FSS, chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó atá ag teacht chun cinn agus cinneadh a dhéanamh faoi ghníomhartha chun feabhas a chur ar limistéir is ábhar buartha.

An Bille Sláinte, 2021

- Lorgaíonn an Bille Sláinte, 2021 an tAcht Sláinte, 2004 a leasú chun soláthar a dhéanamh d'athruithe ar phróisis phleanála corparáidí agus seirbhíse FSS i measc forálacha eile.
- D'fhaomh an rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille i bhFeabhra, críochnaíodh grinnscrúdú réamhrechtach in Iúil agus tosaíodh dréachtú an Bhille i rith 2021.
- Tá breithniú á dhéanamh ar dhréachtú i gcomhthéacs an Bhille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021 a bhfuil cuid d'fhorálacha céanna an Achta Sláinte á leasú aige, lena chinntiú go dtagtar go cuí leis na leasuithe a bheartaítear.

PLEANÁIL STRAITÉISEACH AN LUCHT SAOTHAIR

- Fostaíodh 6,149 ball foirne breise in 2021, 352 ball foirne Leighis agus Fiaclóireachta, 1,660 ball foirne Altranais agus Cnáimhseachais, 1,192 Gairmí Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus 1,946 gairmí cúraim sláinte eile. Coimeádadh thart ar 2,500 ball foirne CLA tríd an ngníomhaireacht chun freagairt ar leith a sholáthar ar chonarthaí sealadacha.
- Tosaíodh le Céim 1 den Chreat Soláthair Foirne Shábháilte a thabhairt isteach – Bardaí Géarmhíochaine agus Máinliachta Othar Cónaitheach. Soláthraíodh €10 milliún do FSS le foireann bhreise, ag brath ar riachtanas agus géire othair.
- Bunaíodh Céim 3 den Tascfhórsa um Sholáthar Foirne Sábháilte Altraí – Suíomhanna Cúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh agus sainnithníodh naoi suíomh phíolótacha. Tá suíomhanna poiblí, deonacha agus príobháideacha sna suíomhanna seo atá beag, meánach agus mór ó thaobh méide de i gceantair uirbeacha agus thuaithe go náisiúnta. Ceapadh foireann taighde ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh faoi stiúir an Ollaimh Jonathan Drennan chun tabhairt faoin gclár píolótach agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí do chónaitheoirí agus don fhoireann.
- I ngeall ar obair le BACÉ maidir lena thosaíocht straitéiseach chlaochlaithe dhigitigh, ba é 2021 an bhliain tionscnaimh inar próiseáladh an tháillí clárúcháin bhliantúil ar an gcóras ar líne digiteach MyNMBI. Ceadáíonn seo sonraí níos cruinne faoin lucht saothair a sholáthar do na gairmeacha.

¹¹ : <https://www.gov.ie/en/publication/6660a-health-system-performance-assessment-hspa-framework/>

- Rinne an Roinn idirchaidreamh le FSS, an RBOAOTNE, agus Institiúidí Ardoideachais maidir le háiteanna breise CAO do mhic léinn ar chúrsaí a bhaineann leis an tsláinte i mbliain acadúil 2021/2022, ónar eascair 393 áit bhreise ardoideachais sa tSláinte, Eolaíocht Sláinte, Altranas agus Leigheas.
- Tháinig méadú 120 in 2021 ar an líon poist intéirnigh Dochtúra. Tá méadú 309 duine tagtha ar an líon Dochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleacha (NCHDanna) in áiteanna oiliúna foirmiúla aníos go dtí 3,988 agus faoi bhreis agus 800 le 4 bliana anuas. Bunaíodh 40 Comhaltacht bhreose Iardheimhnithe um Chríochnú Sásúil Sainoiliúna (CSCST) in 2021 agus is ionann seo agus sraith thábhachtach oiliúna a chabhraíonn le speisialtóirí oilte a choimeád in Éirinn tar éis dóibh CSCST a chur i gcrích.
- B'ionann an líon daoine a glacadh isteach sa Chlár Oiliúna Cleachtais Ghinearálta in 2021 agus 235. Beartaítear an glacadh bliantúil isteach sna chéad chúig bliana eile amach romhainn a mhéadú aníos go 350.
- An Roinn idirchaidreamh le hOifig Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Náisiúnta (GSCSanna) FSS maidir le scóip an chleachtais do GSCSanna a fhairsingíú i gcomhthéacs an chreata ardchleachtais a fhorbairt. Déanann conairí gairme a sholáthar agus tacú le GSCSanna a scóip chleachtais a shíneadh agus oibriú ar bharr an cheadúnaithe coinneáil agus sásamh níos mó poist a chur chun cinn.

Rochtain Fheabhsaithe ar Áiteanna Oiliúna Iarchéime

- I gcomhairle le FSS, chuir an Roinn athruithe i bhfeidhm ar an mbeartas maidir le Rogha Pobail an AE a chur i bhfeidhm maidir le teacht ar chlár oiliúna leighis iarchéime.
- Leasaíodh an beartas le gach Sealbhóir Viosa Stampa 4 a chur san áireamh. Leithdháiltear áiteanna sainoiliúna atá ar fáil anois ar an gcéad dul síos ar na hiarrthóirí siúd, ar saoránaigh na hÉireann nó náisiúnaigh Bhallstát eile an Aontais Eorpaigh, Sealbhóirí Viosa Stampa 4 agus náisiúnaigh an RA iad ag tráth an iarratais.
- Cuireann an t-athrú seo beartais deiseanna gairm bheatha níos fearr ar fáil do dhochtúirí Neamh-AE/LEE a chuir go mór lenár seirbhís sláinte.

Athruithe ar Cheadanna Inimirce

- Bronnann na hathruithe na cearta céanna ar fhormhór ndochtúirí a bhfuil Ceadanna Fostaíochta Ginearálta acu atá rannpháirteach i Scéim an Cheada Fostaíochta Scileanna Criticiúla agus a dhéanann láthair i bhfad níos mealltaí d'Éirinn do dhochtúirí teacht chuici, a chabhraíonn leis an tseirbhís sláinte foireann leighis a mhealladh agus a choinneáil.
- Laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin a leagann an Stát ar dhochtúirí agus ar a bhfostóirí. Is féidir le formhór na ndochtúirí neamh-LEE, as seo amach, atá sa Stát cheana féin ar feadh idir 2 agus 5 bliana agus a bhfuil Cead Fostaíochta Ginearálta acu iarratas a dhéanamh ar chead nua a bhronnann an ceart orthu oibriú gan chead.
- Gheobhaidh a gcéilí nó a bpáirtneirí cead freisin a cheadaíonn dóibh oibriú.

Straitéis Pleanála an Lucht Saothair agus an tSamhail Réamh-Mheastacháin Pleanála.

- Leagtar amach i dTosaíocht 4 Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne cuspóir na Roinne Straitéis Pleanála an Lucht Saothair agus Samhail Réamh-Mheastacháin Pleanála a fhorbairt.
- Thosaigh an Roinn tionscadal in 2021 le Straitéis Pleanála agus Plean Gníomhaíochta an Lucht Saothair Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus Samhail Réamh-Mheastacháin Pleanála a fhorbairt d'Éirinn chun dul i ngleic le riachtanais fhadtéarmacha pheanála lucht saothair na hearnála sláinte. Táthar ag tabhairt faoin obair seo le tacaíocht na hArd-Stiúirtheachta um Thacaíocht le hAthchóiríú Struchtúr Struchtúr Athchóiríú Tacaíocht (an AS um Athchóiríú Choimisiún an AE) faoi choimirce a nIonstraime Tacaíochta Teicniúla (TSI) chun an saineolas teicniúil a sholáthar leis an tionscadal uailmhianach seo a sholáthar.

- Is é cuspóir an tionscadail seo réamh-mheastacháin cásbhunaithe ar sholáthar agus éileamh an lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialta a fhorbairt a chuireann eolas ar fáil do straitéis, plean gníomhaíochta agus sraith moltaí le haghaidh pleanáil leanúnach straitéiseach an lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialta. Cuirfidh an tionscadal na huirlisí riachtanacha, na próisis, agus an acmhainn theicniúil ar fáil chun pleananna gníomhaíochta rollacha lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialta a chur le chéile agus cuirfidh sé bearta spriocdhírthe beartais i bhfeidhm ar mhaithe le hathchóiriú an lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialta.

COMHAR THUAIDH-THEAS

An Tuaisceart/an Deisceart agus an RA: Lean an Roinn Sláinte ag tabhairt faoi fheidhmeanna maoirseachta a bhaineann leis na tionscadail sláinte agus shóisialta tionscadail faoi chlár INTERREG VA trasteorann an AE le Tuaisceart Éireann agus le hAlbain. D'oibrigh an Roinn chomh maith le comhpháirtithe ábhartha chun ullmhú don chéad chlár eile de chuid PEACE PLUS, atá le seoladh in 2022.

Rinne an Roinn comhoibriú a chothú agus a fhorbairt maidir le saincheisteanna sláinte Thuaidh/Theas i rith 2021. Áiríodh leis seo:

- Oibriú le Roinn an Taoisigh le Plé Comhroinnte Oileáin a chur ar siúl ar an tSláinte in Iúil 2021.
- Thug an Plé 'Oibriú le Chéile ar mhaithe le hOileán Níos Sláintiúla' ('Working Together for a Healthier Island'), deis chun plé cuiditheach agus ionchuimsitheach cathartha a chothú ar ghnéithe sláinte de thodhchaí chomhroinnte ar an oileán.
- Ghlac breis agus 120 duine páirt sa phlé, ag ar labhair an tAire Donnelly agus ina raibh trí phléphainéal: todhchaí an chomhoibrithe sláinte poiblí ar an oileán; cuir chuige i leith tionscnaimh shláinte trasteorann a fhorbairt agus a sholáthar; agus deiseanna chun comhoibriú tionchair a dhéanamh ar an meabhairshláinte agus ar fhéinmharú a chosc ar an oileán.
- Tionóladh dhá chruinniú Earnáil Sláinte agus Sábháilteachta Bia na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas in 2021, a thug le chéile Airí an Tuaiscirt agus Deiscirt chun plé a dhéanamh ar limistéir an chomhoibrithe trasteorann sláinte ó fhreagairt COVID-19 i leith taighde ailse agus chur chun cinn na sláinte.

AN BREATIMEACHT

- Nuair a baineadh deireadh na hidirthréimhse amach an 31 Nollaig 2020, bhí páirt iomlán á glacadh ag an Roinn Sláinte i struchtúir thrasrialtais le tionchar aistarraingt an RA ón Aontas Eorpach a bhainistiú. Thionóil an Roinn struchtúir na hearnála sláinte chomh maith a thug páirtithe leasmhara, FSS, ÚSBÉ agus an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (an ÚRTS) ina measc, le chéile chun cabhrú le tionchair an Bhreatimeachta ar chúram sláinte a sholáthar in Éirinn ón 1 Eanáir 2021.
- Thit rannpháirtíocht leanúnach amach leis an gCoimisiún agus le páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú gur leanadh le cógais a sholáthar i ndiaidh an Bhreatimeachta. D'éascair an pacáiste reachtaíochta cógaisíochta a bheartaítear a réitíonn roinnt saincheisteanna de chuid na hÉireann go dtí deireadh 2024 as an obair.
- Rinneadh obair obair fhairsing chun éifeacht a thabhairt do shocruithe nua cúraim sláinte a chur i bhfeidhm i ndiaidh an Bhreatimeachta. Tá Comhaontú Trádála agus Comhair an AE-an RA i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 agus leantar le monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.

Daoine fásta a chosaint san earnáil sláinte

Tá ardchéim bainte amach ag an Roinn i dtaobh beartas náisiúnta maidir le cosaint daoine fásta a fhorbairt san earnáil sláinte agus chúraim shóisialta. Áiríodh leis an obair seo dhá pháipéar mhóra taighde a fhoilsiú i bhFeabhra 2021 a choimisiúnaigh an Roinn.

- Thug an Institiúid Sláinte Poiblí (an ISP) faoi ghrúpaí fócais le húsáideoirí seirbhíse sláinte agus cúraim shóisialta a bhféadfadh go ndéanfadh beartas náisiúnta um chosaint daoine fásta don earnáil sláinte agus chúraim shóisialta difear dóibh. Cinnteoidh an tuarascáil ar na grúpaí fócais seo go n-éistear lena nglórtha fad a bhíonn beartas á fhorbairt.
- Thug Mazars faoi athbhreithniú neamhspleách idirnáisiúnta ar fhianaise thaighde eolas a chur ar fáil don bheartas náisiúnta.
- Tá an dá thuarascáil foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne¹².

Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar:

Rinne an Roinn comhordú ar an gceapadh a rinne an tAire ar an mBord Bainistíochta nua d'Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar.

BONNEAGAR CAIPITIL/MÓRTHIONSCADAIL CHAIPITIL

Tionscadal Ospidéal na Leanáí (OLN) Nua

Tá Tionscadal an OLN ar an gclár infheistíochta caipitil is mó faoinar tugadh riamh i gcóras cúraim sláinte na hÉireann agus tugann an rialtas tús áite dó. Is éard atá sa tionscadal ná an OLN ag Ospidéal San Séamas anuas ar Ionad Cúraim Práinne ag Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, agus an tIonad Othar Seachtrach Péidiatrach agus Cúraim Éigeandála ag Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Anuas ar ghlacadh le ról lárnach i dtaobh seirbhísí cúraim sláinte géarmhíochaine péidiatraí a sholáthar, beidh an OLN in Ospidéal San Séamas ar an bpríomhionad le haghaidh oideachas, oiliúint, agus taighde péidiatrach in Éirinn.

In ainneoin na ndúshlán soiléir a chruthaigh paidéim COVID-19, rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal in 2021, an méid seo a leanas ina measc:

- Baineadh garsprioc mhór amach i Márta 2021 nuair a rinneadh bailchríoch a chur ar an bhfoirgneamh ag Ospidéal San Séamas, tráth a d'éirigh cruth sainiúil an fhoirgnimh soiléir.
- Tosaíodh feistiú na limistéar inmheánach, ina raibh limistéir agus obrádlanna Cúraim Chriticiúil in 2021, agus tá seomraí agus limistéir chliniciúla in-aitheanta anois.
- Doirteadh 150,000 méadar ciúbach de choincréit i rith 3 bliana (ar a raibh meáchan breis agus 360,000 tonna), ar leor sin le 60 linn snámha Oilimpeach a líonadh, agus cuireadh 2,300 tonna de struchtúr cruach in airde.
- Suiteáladh breis agus 800 fuinneog, anuas ar 17,000 méadar cearnach de ghloiniú agus 5,800 méadar cearnach d'aghaidh chloiche. Suiteáladh 86,000 méadar cearnach de spiaráí inmheánacha agus fad comhionann le 26 km de bhallaí inmheánacha in 2021.

¹² <https://www.gov.ie/en/publication/2861af-adult-safeguarding/#consultation-and-research>

- Críochnaíodh spásanna taispeántais i Samhain 2021. Cruthaíonn iad seo íomhá de na háiseanna agus seirbhísí atá lárnaíoch i dtaobh leanaí agus an teaghlaigh a bheidh ar fáil.
- Críochnaíodh an chuid ba mhó den Ionad Othar Seachtrach Péidiatrach agus Cúraim Éigeandála i Meán Fómhair 2021 agus d'oscail an tAire Sláinte é i Samhain 2021 i ndiaidh tréimhse choimisiúnaithe. Cuirfidh an áis nua cóiríocht ar fáil d'fhreastal a mhéid le 17,000 othar seachtrach agus 25,000 othar cúraim éigeandála sa bhliain.
- Bhain an t-ospidéal rátáil inbhuanaitheachta in 2021 nuair a bronnadh deimhniúchán céim Shárdhearaidh BREEAM air. Tá an OLN ar cheann de dhornán beag ospidéal ar domhan a bhfuil an rátáil inbhuanaitheachta seo bainte amach acu.
- Dearadh an OLN go mbainfidh sé caighdeán náisiúnta Rátála Fuinnimh Foirgnimh A3 amach, ónar gá feabhas 50% a chur ar an mbunídiú fuinnimh os cionn an tagarmhairc.
- Glacadh le cur chuige costála saoil iomláin nuair a bhí aghaidh an fhoirgnimh, seirbhísí innealtóireachta, sócmhainní foirgnimh agus an trealamh cliniciúil a roghnaíodh á ndearadh.

CÚRAM SCEIDEALAITHE

- D'fhaomh an rialtas Straitéis Náisiúnta Cúraim Shiúlaigh Roghnaigh Sláintecare i mí na Nollag 2021, a athróidh an bealach is féidir socrú níos fearr a dhéanamh ar chásanna lae, gnáthaimh sceidealaithe, máinliacht, scanadh agus seirbhísí d'othair sheachtracha le toilleadh níos mó a chinntiú amach anseo agus cabhróidh sé le dul i ngleic le liostaí feithimh.
- Soláthrófar toilleadh gnáthamh sceidealaithe/othar seachtrach a fhorbairt trí Ionaid Chúraim Roghnaigh aonair thiomnaithe i gCorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath. Cuirfidh siad cumhdach ar fáil do bhreis agus 80% den daonra, a fhreastalaíonn ar a mhéid le 940,000 gnáthamh gach bliain. Cuirfidh siad toilleadh breise ar fáil agus cabhróidh siad le dul i ngleic le liostaí feithimh, agus bheith chomh solúbtha agus chomh hinoiriúnaithe agus is féidir chun céim amach anseo a éascú, lena n-áireofaí roinnt cóireáil roghnach othar cónaitheach. Áireofar le gnáthaimh lae a chuirtear ar fáil sa chéad chéim Curam Gastraistéigeach, Gíniceolaíocht, Oftailmeolaíocht, agus Ortaipéidic.
- Mar fhreagairt do mholtaí a rinne PwC, d'fhaomh an rialtas socrúithe leasaithe rialachais don chéad chéim eile de thionscadal an OLN i Samhain 2021, Grúpa Maoirseachta Náisiúnta a bunaíodh le déanaí san áireamh, ar a ndéanann Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte cathaoirleacht. Áireofar leis seo freisin POF FSS agus saineolas seachtrach le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar Chlár Ospidéal na Leanaí.
- Cheap an tAire an tUasal Fiona Ross mar Chathaoirleach Bhord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Péidiatraicigh (an NPHDB) in Iúil 2021, tar éis gur ceapadh an tUasal Michael Barry agus an tUasal Brian Keogh roimhe seo leis an mBord i bhFeabhra.
- Is é ról Bhord an NPHDB agus Cathaoirligh rathúil a chinntiú go bhfuil úinéireacht chorparáideach ar chríochnú rathúil an OLN agus cinnteacht níos fearr a chur ar fáil do sholáthar tráthúil agus cost-éifeachtúil an tionscadail.

CAIBIDIL 5

EAGRAÍOCHT ATÁ OIRIÚNACH DON TODHCHAÍ A CHRUTHÚ

Caithfidh an Roinn a chinntiú go bhfuil an cumas, na daoine, an struchtúr agus an cultúr ceart aici lena misean agus a cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn. Tá sí tiomanta do chinntiú go léirítear meas ar an bhfoireann go léir agus go gcuirtear ar a gcumas rannchuidiú agus feidhmiú ar ardleibhéal.

AN OIFIG OIBRÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

Bunaíodh Oifig Oibríochtaí Corparáideacha na Roinne i bhFeabhra 2021 agus ceapadh Príomhoifigeach Oibríochtaí, leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Creataí bainistíochta faisnéise, bainistíochta riosca, pleanála gnó agus straitéisí, agus rialachais chorparáidigh na Roinne a oibriú agus a fheabhsú go leanúnach.
- Feabhsúcháin ar phróiseas gnó a sholáthar.
- Ceannas a ghlacadh ar Nuálaíocht.
- Saincheisteanna um shaoráil faisnéise a bhainistiú.
- Ceannas a ghlacadh ar idirchaidreamh na Roinne le Tithe an Oireachtais a chomhordú.
- Tacaíocht a sholáthar d'oifigí an Aire, na nAirí Stáit agus an Ard-Rúnaí.

Rinne an Oifig Oibríochtaí Corparáideach bainistiú ar 15,209 Ceist Pharlaiminte, 21,606 Uiríoll agus 680 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise thar ceann na Roinne.

RÁITEAS STRAITÉISE

- D'fhoilsigh an Roinn a Ráiteas Straitéise 2021-2023 le fíis, misean agus tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne a leagan amach don chéad tréimhse eile 3 bliana. Sainithníodh cúig thosaíocht uileghabhálacha, agus rinneadh dul chun cinn a thomhas i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne.
- Is iad na cúig thosaíocht i Ráiteas Straitéise na Roinne 2021-2023:
 - COVID-19 a bhainistiú agus sláinte phoiblí a chur chun cinn.
 - Cúram sa phobal a fhairsingiú agus a chomhtháthú.
 - Teacht ar chúram sláinte a dhéanamh níos cothroime agus níos tapúla.
 - Maoirseacht agus ar chomhpháirtíocht san earnáil a fheabhsú.
 - Eagraíocht atá oiriúnach don todhchaí a chruthú.
- Bunaítear sa Ráiteas Straitéise 2021-2023 tiomantas na Roinne do chearta daonna agus comhionannas, ar aon dul le Dualgas na hEarnála Poiblí (faoi Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014). Áirítear le gníomhartha tiomanta do thréimhse straitéiseach 2021-2023 tabhairt faoi fhéinmheasúnú, maoirseacht a dhéanamh ar ár gcomhlachtaí coimirce, straitéisí náisiúnta gaolmhara a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar dhul chun cinn inár dTuarascáil Bhliantúil.

NOCHTADH COSANTA

Rinneadh seacht nochtadh aonair fhéideartha leis an Aire Sláinte in 2021. Rinneadh gach ceann den Nochtadh Cosanta seo faoi Alt 6 nó Alt 8 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ciallaíonn seo nach ndearna fostaithe na Roinne an nochtadh agus, ina ionad sin, gur bhain siad le hoibrí nó le hoibríthe a bhí fostaithe i gcomhlacht poiblí faoi shainchúram an Aire/na Roinne, sa tréimhse a chumhdaíonn an tuarascáil seo. Ní bhfuarthas aon Nochtadh Cosanta ó oibrí a bhí fostaithe ag an Roinn Sláinte.

ACMHAINNÍ DAONNA (AD)

- Bhí 691 ball foirne (673.29 Coibhéis Lánaimeartha) fostaithe ag an Roinn ag deireadh 2021. Rinne an Roinn bainistiú ar ionghlacadh suntasach foirne le tacaíocht a thabhairt don fhreagairt don phaindéim agus le córas coraintín éigeantaigh óstáin a bhunú.
- Leanadh le clár tacaíochtaí Folláine na Roinne in 2021. Tugadh Pacaí Folláine don fhoireann go léir i Márta 2021, ina gcuimsítear tacaíochtaí éagsúla le gníomhaíochtaí meabhrach, fisiciúla agus sláinte sóisialta a spreagadh.
- Bunaíodh Grúpa Oibre do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in 2021 le cultúr feasachta agus measa ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú laistigh den ionad oibre a fhorbairt agus a chur chun cinn go réamhghníomhach.
- Soláthraíodh réimse idirghabháil foghlama in 2021 chun tosaíochtaí straitéiseacha foghlama a bhaint amach, sraith léachtaí inmheánacha ar phróisis ghnó agus reachtaíochta, modúl Ríomhfhoghlama agus oiliúint ceannaireachta ar líne ar an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS).
- Chuir an Roinn go gníomhach leis an bhfeagairt fhoriomlán Acmhainní Daonna don tionchar a d'imir COVID-19 trí pháirt a ghlacadh i nGrúpa na hEarnála Státseirbhíse, ar a ndearna an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cathaoirleacht.
- Roghnaíodh ceithre thionscadal ón Roinn Sláinte mar chraobhiomaitheoirí sna Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta sa Státseirbhís.
- Gheall an rialtas don sprioc fostaíochta seirbhíse poiblí a mhéadú ar a laghad 6% faoin mbliain 2024 do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an sprioc seo á sárú ag an Roinn Sláinte tar éis gur dhearbhaigh 7.5% den fhoireann go bhfuil siad faoi mhíchumas in 2021.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Bhí bonneagar TFC na Roinne thíos le cibearionsaí tromchúiseach an 14 Bealtaine 2021, tráth a rinneadh ionsaí freisin ar chóras TFC FSS. Mar bheart réamhchúramach, dúnadh córais TFC na Roinne síos le sláine na gcóras agus na sonraí a chosaint, agus le deis a sholáthar tabhairt faoin anailís riachtanach agus cosaint a dhéanamh in aghaidh aon ionsaithe bhreise.

Rinne an Roinn idirchaidreamh leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus chuir sí gníomhartha breise maolaithe i bhfeidhm, agus thosaigh sí an próiseas le cineál agus méid an ionsaithe agus na gníomhartha riachtanacha faoina dtabharfaí ina dhiaidh a shainithint. Ní raibh teacht ar líonra na Roinne ag an bhfoireann ar feadh roinnt seachtainí, agus ní raibh teacht ar roinnt córais leagáide ar feadh tréimhse níos faide.

Rinne gníomh faoinar thug an Roinn maolú in aghaidh iarmhairtí i bhfad níos tromchúisí, ach d'imir an t-ionsaí tionchar suntasach ar chumas na Roinne tabhairt faoina hobair ar feadh roinnt míonna ina dhiaidh sin. Tugadh faoi chleachtadh 'na ceachtanna a foghlaimíodh' ag féachaint le leanúnachas gnó a chinntiú i gcás go ndéanfaí cibearionsaí eile.

- D’oibrigh an Roinn le FSS le feabhas a chur ar cibear-athléimneacht i ndiaidh an chibearionsaithe. Ba éard a bhain leis an obair ná beagnach 2,000 córas a athchóiriú agus a aisghabháil, méideanna móra de bhonneagar teicniúil TFC a athsholáthar nó a uasghrádú agus córais fheabhsaithe mhonatóireachta a bhunú chun an córas sláinte a chosaint ó ionsaithe breise.
- Leanadh le teacht cianda a sholáthar don fhoireann go léir ar sheirbhísí TFC le cianoibriú a éascú.
- Tugadh faoi athbhreithniú iomlán slándála ar an mbonneagar agus suiteáladh sainbhogearraí breise chun maolú a dhéanamh in aghaidh bogearraí mailíseacha, agus le fógraí luatha rabhaidh a sholáthar i leith bagairtí.

BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Rinneadh Beartas Bainistíochta Taifead nua na Roinne a chríochnú agus a eisiúint don fhoireann go léir, ina leagtar amach príomhrialacha ar dhea-chleachtas i mBainistíocht Taifead do cháipéisí. Rinneadh crann cinntí comhfhreagrais a chríochnú agus a eisiúint don fhoireann go léir anuas ar ríomhphoist sheachtainiúla Bhainistíocht Taifead a rinne dea-chleachtas a chur chun cinn agus a eisíodh i rith Dheireadh Fómhair agus na Samhna. Forbraíodh Líonra Oifigigh Faisnéise le dea-chleachtas a chinntiú in aonaid ar fud na Roinne.

COSAINT SONRAÍ

Tá an Roinn Sláinte tiomanta do chearta agus príobháideacht ábhair shonraí a chosaint. Soláthraíodh comhairle agus tacaíocht d’aonaid ghnó agus don bhord bainistíochta chun oibleagáidí cosanta sonraí na Roinne a shásamh faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht um chosaint sonraí.

Cuireadh comhlíonadh an RGCS i bhfeidhm i rith 2021 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar d’Aonaid Ghnó ar réimse ceisteanna agus saincheisteanna um chosaint sonraí, an fhreagairt sláinte poiblí do Covid agus an t-ionsaí cibearshlándála san áireamh.
- Trí leanúint le feachtas a mhúscailt ar chosaint sonraí sa Roinn trí acmhainní eolais um chosaint sonraí agus ríomhphoist eolais a fhorbairt don fhoireann.
- Cúrsa éigeantach oiliúna ar líne a fhorbairt agus a thabhairt isteach i Meán Fómhair 2021, atá ar fáil don fhoireann go léir ar bhonn leanúnach.
- Tús a chur le hathbhreithniú ar chomhlíonadh um chosaint sonraí ar fud na Roinne.
- Cúnamh a sholáthar do bhaill an phobail le ceisteanna agus iarrataí um chosaint sonraí le haghaidh rochtana.

FORBAIRT INBHUANAITHE

Ghlac an NA agus a Bhallstáit le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) an NA in 2015 mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Ghlac Éire le cur chuige ‘uile-rialtais’ i dtreo na SFlanna a bhaint amach, agus tá freagracht ar gach Aire as spriocanna a chur i bhfeidhm a bhaineann lena limistéir bheartais faoi seach.

Leagtar tromlach an ghnímh a bhaineann le sláinte faoi na SFlanna amach in SFI 3, Sláinte agus Folláine Mhaith. Is féidir teacht ar eolas faoin dul chun cinn a rinneadh orthu seo agus ar ghníomhartha eile SFI ag: [Mol Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann](#)

Aguisín 1: Faisnéis Chorporáideach

BORD BAINISTÍOCHTA NA ROINNE SLÁINTE IN 2021

Robert Watt

Ard-Rúnaí (Eatramhach ón 7 Eanáir 2021, Ceapadh é an 20 Aibreán 2021)

Paul Bolger

Stiúrthóir (go dtí an 10 Bealtaine 2021)

Acmhainní

Tracey Conroy

Rúnaí Cúnta

Beartas Ospidéal Ghéarmhíochaine

Greg Dempsey

Leas-Rúnaí

Rialachas agus Feidhmíocht

Colm Desmond

Rúnaí Cúnta (go dtí an 3 Meán Fómhair 2021)

Reachtaíocht Chorporáideach, Meabhairshláinte, Beartas Drugaí agus Sábháilteacht Bhia

Fergal Goodman

Rúnaí Cúnta

Cosaint Sláinte

An Dr Tony Holohan

Príomhoifigeach Leighis

Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

Rachel Kenna

Rúnaí Cúnta

Beartas Altranais/Cnáimhseachais, Rialáil Ghairmiúil, Pleanáil an Lucht Saothair, agus Gairmithe Sláinte Comhghaolmhara

An Dr Kathleen Mac Lellan

Rúnaí Cúnta (go dtí an 9 Deireadh Fómhair 2021)

Cúram Sóisialta

Laura Magahy

Leas-Rúnaí (go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2021)

Sláintecare

Louise McGirr

Rúnaí Cúnta (ón 19 Deireadh Fómhair 2021)

Beartas Fostaíochta agus Caidrimh Thionsclaíoch na hEarnála Sláinte

Muiris O'Connor

Rúnaí Cúnta

Taighde agus Forbairt agus Anailísíocht Sláinte

Colm O'Reardon

Ard-Rúnaí Gníomhach (go dtí an 5 Eanáir 2021)

Leas-Rúnaí (go dtí an 1 Feabhra 2021)

An Rannán Beartais agus Straitéise

Derek Tierney

Rúnaí Cúnta (ón 31 Bealtaine 2021)


Bonneagar Sláinte

PRÓIFÍL CHORPARÁIDEACH

Bhí 691 ball foirne ag fónamh sa Roinn Sláinte (CLA 673.29) ag deireadh mhí na Nollag 2021. Anuas ar thacú leis an Aire Sláinte, thacaigh foireann na Roinne freisin leis an triúr Airí Stáit.

Bhainistigh an Roinn ollbhuiséad de bhreis ar €22.129 billiún in 2021. B'ionann leithreasáí i gcabhair buiséadta sa bhliain agus €0.433 billiún, a d'fhág glanbhuiséad €21.696 billiún. B'ionann an t-ollchaiteachas sa bhliain agus €21.669 billiún agus b'ionann leithreasáí i gcabhair agus €0.473 billiún. D'eascair glanchaiteachas €21.196 billiún as seo.

B'ionann ollchaiteachas a thabhaigh an Roinn Sláinte sa bhliain agus 24.37% de chaiteachas iomlán ginearálta an rialtais sa bhliain. B'ionann glanchaiteachas agus 29.01% de shaincheisteanna státchiste an rialtais láir sa bhliain. Bhí íocaíochtaí amach €21.270 billiún le FSS, €231 milliún le gníomhaireachtaí eile i gceist leis an ollchaiteachas €21.669 billiún sa bhliain agus thabhaigh an Roinn €168 milliún.



Nóta – tá na figiúirí sa chart thuas i mílte

SRACFHÉACHAINT AR FHREAGAIRTÍ PARLAIMINTEACHA IN 2021

D'fhreagair an Roinn Sláinte breis agus 27% de na Ceisteanna Parlaiminte go léir a cuireadh in 2021.

Ceisteanna Parlaiminteacha (gan iad siúd a aistarraingíodh/nár ceadaíodh a áireamh)	15,209
Na ceisteanna díobh siúd a atreoraíodh chuig FSS chun Freagra Díreach a fháil orthu	7,113
Líon na nUiríoll a Fuarthas	21,606
Saincheisteanna Tráthúla Tugtha chun Solais	395
Saincheisteanna Tráthúla Roghnaithe	70
Tosach Feidhme sa Seanad Tugtha chun Solais	175
Tosach Feidhme sa Seanad Roghnaithe	72

SAORÁIL FAISNÉISE

Phróiseáil an Roinn 680 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise (SF) in 2021, a ndearna na meáin 383 díobh. Chomhordaigh an fhoireann SF freagairt na roinne do na hiarrataí seo trí iad a lógáil, iad a shannadh don limistéar ceart, agus oibriú leis na daoine a rinne na hiarrataí agus na cinnteoirí lena chinntiú go sásaíonn an roinn a hoibleagáidí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Chabhraigh an fhoireann chomh maith le baill den phobal teacht ar eolas lasmuigh den phróiseas foirmiúil SF, mar shampla, nuair a bhí an t-eolas san fhearann poiblí cheana féin. Chomhordaigh an fhoireann SF freagairt na Roinne don athbhreithniú leanúnach a rinne an RCPA ar an reachtaíocht SF.

Ghlac an Roinn in 2021 leis an bhfeidhmchlár r-Shaorála Faisnéise, 'Built to Share' (BTS), chun iarrataí SF a chomhordú agus a phróiseáil. Cuireadh uasoiliúint ar na baill foirne SF sa chóras nua agus chabhraigh siad le cinnteoirí ar fud na Roinne le hé a úsáid agus d'oibrigh siad go dlúth leis an bhfoireann BTS chun aiseolas ar an bhfeidhmchlár a sholáthar.

D'eagraigh an fhoireann SF oiliúint r-Shaorála Faisnéise agus oiliúint ar Athbhreithneoir Inmheánach lena chinntiú gur féidir le baill na Roinne tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach ar chinntí SF ar aon dul le hoibleagáidí faoin Acht SF.

ÍOCAÍOCHT PHRAS

Sonraí faoi oibleagáidí Íocaíochtaí Prasa na Roinne i rith 2021:

Sonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) <u>an lín iomláin</u> íocaíochtaí a rinneadh
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	2,656	59,205,757	87.3%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de idir 16 agus 30 lá	259	3,793,437	8.5%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh 30 lá	127	1,112,549	4.2%
Íocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2021	3,042	64,111,743	

Ba é an cúiteamh agus an t-ús iomlán íocaíochta praise a d'íoc an Roinn in 2021 €22,392, arbh íocaíochtaí úis €14,162 de agus arbh íocaíochtaí cúitimh €8,230 de.

ÚSÁID FUINNIMH IN 2021

Tá ar gach eagraíocht seirbhíse poiblí feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi dheireadh 2030 ar a mbliain bhonnlíne. Bhí an Roinn rannpháirteach i gClár Comhpháirtíochta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) ó 2009, a bhfuil de chuspóir aige oibriú le heagraíochtaí atá tiomanta do na spriocanna a leagann an rialtas amach a bhaint amach.

Tá an Roinn tiomanta, trína Foireann Ghlac, do leanúint de chomhoibriú leis an SEAI, OOP, tiarna talún an fhoirgnimh agus ár bhfoireann chun ár bpáirt a ghlacadh chun spriocanna uailmhianacha nua an rialtais a bhaint amach le haghaidh laghdú fuinnimh. Tugtar feabhsú 46.4% faoi deara i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne i dtuarascáil 2021 na Roinne ar tháscairí feidhmíochta fuinnimh. Leanfaidh an Roinn ag oibriú ar fheabhsúcháin amach anseo leis an gcéad sprioc eile a bhaint amach faoin mbliain 2030, a mbeadh coigilt bhreise 7.4% i gceist léi.

Tá foirgneamh Cheanncheathrú na Roinne ar cheann de líon beag foirgneamh ar domhan a bhain creidiúnú Platanaim LEED amach. Timpeallacht fhíorchasta atá ann ina gcuimsítear réimse fairsing teicneolaíochtaí agus beart atá tíosach ar fhuinneamh, chun lorg coise fuinnimh an áitribh a íoslaghdú, atá mar chuid de champas níos fairsinge trí fhoirgneamh, ceithre roinn rialtais agus dhá chuideachta earnaála príobháidí.

Rinneadh treoirlínte maidir le Soláthar Glas a shainiú agus tuairiscítear orthu go lárnach dóibh siúd a thugann faoi cheannach le haghaidh agus thar ceann na Roinne. Leagtar amach tuairisceán maidir le soláthar poiblí glas na Roinne chuig an gGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain 2021 thíos.

TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL AR SHOLÁTHAR POIBLÍ GLAS 2021

<i>Bliain tagartha 2021</i>	<i>Líon iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil tosaíochta</i>	<i>Luach iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil tosaíochta</i>	<i>Líon iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil tosaíochta a chuir Soláthar Poiblí Glas san áireamh</i>	<i>Luach iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil tosaíochta a chuir Soláthar Poiblí Glas san áireamh</i>
<i>Earnáil Tosaíochta*</i>				
Táirgí a bhaineann le fuinneamh	0	0	0	0
Seirbhísí Bia agus Lónadóireachta	0	0	0	0
Trealamh Téimh	0	0	0	0
Seirbhísí agus Táirgí TFC	5	1,659,192	0	0
Seirbhísí Glantacháin Taobh Istigh	0	0	0	0
Soilsiú Taobh Istigh agus Amuigh	0	0	0	0
Dearadh, Tógáil agus Bainistíocht Foirgnimh Oifige	0	0	0	0
Táirgí Páipéir agus Seirbhísí Clódóireachta	1	75,000	1	75,000
Táirgí agus Seirbhísí Teicstílí	0	0	0	0

lompar	0	0	0	0
lamlán	6	1,734,192	1	75,000
* Deich n-earnáil ar fhorbair an GCC critéir SGP dóibh, bunaithe ar chritéir choiteanna AE agus dá ndearnadh oiriúnuithe le margadh agus cleachtais soláthair na hÉireann a thabhairt san áireamh.				
Bliain tagartha 2021	<u>Líon iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil eile</u>	<u>Luach iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil eile</u>	<u>Líon iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil eile a chuir Soláthar Poiblí Glas san áireamh</u>	<u>Luach iomlán na gconarthaí a síníodh a raibh luach níos mó ná €25,000 orthu, de réir earnáil eile a chuir Soláthar Poiblí Glas san áireamh</u>
Earnálacha Eile				
Seirbhísí Gairmiúla	10	834,744	1	46,625
Trealamh Saotharlainne	0	0	0	0
Bainistíocht Saoráidí	0	0	0	0
Na Meáin	3	228,106	0	0
Troscán	0	0	0	0
Taighde	0	0	0	0
Margaíocht	0	0	0	0
Ceadúnú	1	36,792	0	0
Sonraí	1	120,000	1	120,000
Bearta Freagartha don Phaindéim	2	30,166,290	0	0

Seirbhís Deimhniúcháin Dhigitigh	1	6,500,000	1	6,500,000
Iomláin	18	37,885,932	3	6,666,625

Aguisín 2: Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Stáit Neamhthráchtála

An Chomhairle Fiaclóireachta

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

An Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia - safefood

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

An tÚdarás Árachais Sláinte

An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

An Bord Taighde Sláinte

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

Comhairle na nDochtúirí Leighis

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Bord na Clárlainne Náisiúnta Ailse

Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraice

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann

Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal

Comhlachtaí Stáit Tráchtála

Árachas Sláinte Saorálach (VHI)

Aguisín 3: Foilseacháin na Roinne Sláinte

Chuir an Roinn 114 foilseachán le chéile in 2021 agus tá fáil orthu go léir lena n-íoslódáil ar ár láithreán gréasáin ag <https://health.gov.ie/publications-research/publications/>